An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath Chéim 5 de Shonraíochtaí Ábhar na Sraithe Sóisearaí

## Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid

Meitheamh 2025

# An Clár Ábhar


1. RÉAMHRÁ ..... 1

2. FAISNÉIS CHÚLRA ..... 2

**Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19** ..... 2

**Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach** ..... 2

**Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach 2015 (CdSS15)** ..... 3

3. FORLÉARGAS AR AN BPRÓISEAS ATHBHREITHNITHE ..... 4

**Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú** ..... 4

**Cur chuige modheolaíoch** ..... 4

Cuairteanna scoile ..... 5

Suirbhé ar líne ..... 6

Aighneachtaí i scríbhinn ..... 6

4. AISEOLAS ÓN ATHBHREITHNIÚ ..... 7

**Aidhmeanna na sonraíochtaí a bhaint amach** ..... 7

**Ag Obair le Torthaí Foghlama** ..... 9

**Pleanáil d'Fhoghlaim, do Theagasc, do Mheasúnú agus do Thuairisciú** ..... 12

**Measúnú** ..... 14

**Creat don tSraith Shóisearach, Ionchuimsiú agus an tAistriú chuig an tSraith Shinsearach** ..... 20

Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú ..... 20

Ionchuimsiú ..... 21

Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach ..... 23

5. LÉARGAIS, MOLTAÍ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE ..... 25

**Léargais** ..... 25

**Moltaí** ..... 26

## 1. Réamhrá

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015 (CdSS15), tugadh sonraíochtaí ábhair isteach i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2019 maidir le Teicneolaíocht Fheidhmeach, an Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid sa tSraith Shóisearach. Sceidealaíodh go dtabharfadh CNCM faoi athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath nuair a bheadh an cúrsa do na hábhair sin curtha i gcrích ag an gcéad chohórt scoláirí. Faraor, ba ghá an t-athbhreithniú a chur ar athló go dtí scoilbhliain 2024-25 mar gheall ar chur isteach de bharr phaindéim Covid-19.

Cé go raibh taithí trí bliana ag na scoláirí agus na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo ar an gcuraclam, níor ghá dóibh dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh, mar a samhlaíodh sna sonraíochtaí, mar gheall ar na hoiriúnuithe don mheasúnú a tugadh isteach mar gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

Cuireadh tús leis an athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm luath in R4 2024 agus cuireadh i gcrích in R1 2025 é. Bhí sé mar aidhm aige aiseolas a bhailiú, agus a leanas a fhiosrú:

- an chaoi a bhfuil ag éirí leis na sonraíochtaí an fhoghlaim lena bhfuiltear ag súil san ábhar sin agus sa Chreat don tSraith Shóisearach go ginearálta a chur chun cinn
- na gnéithe measúnaithe sna hábhair agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí orthu
- conas a úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil d’fhonn na sonraíochtaí nua a stiúradh sna scoileanna agus sna seomraí ranga.

Cuirtear tús leis an tuarascáil seo trí faisnéis chúlra a thabhairt a chabhraíonn leis an athbhreithniú agus léargas ginearálta ar an gcomhairliúchán a rinneadh mar chuid den athbhreithniú a chur i gcomhthéacs, agus ina dhiaidh sin tugtar léargas ar thaithí ar na hábhair sa tsraith shóisearach a chur i bhfeidhm. Tá breithniú déanta ag CNCM ar an aiseolas a fuarthas i rith an athbhreithnithe i dtéarmaí na n-impleachtaí féideartha a d’fhéadfadh teacht chun cinn in obair CNCM agus in obair páirtithe leasmhara eile i gcur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Sa chuid dheireanach den cháipéis leagtar amach na céad chéimeanna eile molta mar fhreagra ar na torthaí a thagann aníos ón athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath seo.

# 2. Faisnéis chúlra

Sa chuid seo, tugtar forléargas achomair ar na coigeartuithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19, forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach agus an staidéar taighde fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach.

## Coigeartuithe ar shocruithe measúnaithe a tugadh isteach le linn phaindéim Covid-19

Bhí an chéad chohórt de scoláirí chun staidéar a dhéanamh ar shonraíochtaí Chéim 5 den tSraith Shóisearach ceaptha a dtrí bliana staidéir a chur i gcrích i mí an Mheithimh 2022. I mí Aibreáin 2020, agus mar chuid den fhreagairt náisiúnta ar phaindéim Covid-19, cuireadh scrúduithe uile na Sraithe Sóisearaí ar ceal. As sin go gceann trí bliana, cuireadh socruithe measúnaithe malartacha i bhfeidhm mar gur cuireadh isteach ar fhoghlaim na scoláirí le linn na paindéime.

I gcás Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid, d'fhág sé seo nár ghá ach aon MRB amháin a dhéanamh. Caithfear MRB2 a dhéanamh do gach ábhar ó tharla gur dearadh an fhoghlaim sa MRB sin chun bonn eolais a chur faoi rannpháirtíocht na scoláirí sa Tionscadal Deiridh don ábhar sin. Reáchtáladh an chéad scrúdú stáit ar shonraíochtaí Chéim 5 sa tsraith shóisearach i mí an Mheithimh 2022.

Maidir leis na Tionscadail Deiridh, cuireadh na coigeartuithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, beidh ar iarrthóirí trí theideal ar leith a dhéanamh agus a chur i láthair as na sé theideal atá san Fhóilió Dearaidh.
- San Innealtóireacht, ní bheidh 'Gné Dhearaidh' na hOibre Cúrsa le déanamh agus le cur i láthair.
- Sa Ghrafaic, ní bheidh gné 'Bileog 3 – Cur i Láthair CAD' de Thionscadal an Scoláire le déanamh agus le cur i láthair.
- Sa Teicneolaíocht Adhmaid, beidh ar iarrthóirí dhá theideal ar leith a dhéanamh agus a chur i láthair as na sé theideal atá san Fhóilió Dearaidh.

I bhfógra ón Aire Oideachais a bhí ann ag an am ar an 17 Aibreán 2024, soiléiríodh go mbeadh na coigeartuithe measúnaithe, atá i bhfeidhm ó 2022 maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe ann go fóill do scoláirí a bheidh ag tabhairt faoi scrúduithe na Sraithe Sóisearaí in 2025 agus 2026.

## Forbairtí curaclaim ábhartha sa tsraith shinsearach

I gcás na sonraíochtaí ábhair a athfhorbraíodh le haghaidh réimse ábhair theicneolaíochta ghaolmhara na hArdteistiméireachta, tabharfar isteach sa churaclam agus i scoileanna iad de réir sceideal comhaontaithe mar seo a leanas:

- Staidéar Foirgníochta agus an Innealtóireacht mar chuid de Thráinse 2 de na hábhair athfhorbartha atá le tabhairt isteach in 2026.
- Grafaic Deartha agus Cumarsáide mar chuid de Thráinse 3 de na hábhair athfhorbartha atá le tabhairt isteach in 2027,

- Staidéar Foirgníochta agus an Innealtóireacht mar chuid de Thráinse 4 de na hábhair athfhorbartha atá le tabhairt isteach in 2028.

## Taighde leanúnach ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach 2015 (CdSS15)

Cuireadh tús le staidéar fadaimseartha ar chur i bhfeidhm agus tionchar CdSS15 i ndeireadh 2020. Is é is aidhm leis an staidéar ceithre bliana sin, bunaithe ar shampla ionadaíoch náisiúnta, ná dearcthaí múinteoirí, príomhoidí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar CdSS15. Mar staidéar fadaimseartha, rinneadh iniúchadh ar thaithí na scoileanna in imeacht tréimhse ceithre bliana, d'fhonn castacht, dúshláin agus rath i rith CSS15 a chur i bhfeidhm a ghabháil. Ba thaighde iltoiseach, inar úsáideadh modhanna measctha é seo, a bhí idir lámha ag foireann taighde Ollscoil Luimnigh thar ceann CNCM. Go dtí seo, foilsíodh ceithre thuarascáil eatramhacha agus tá an tuarascáil deiridh le foilsiú in 2025. Is féidir teacht ar na tuarascálacha eatramhacha anseo: Tionscadal Náisiúnta na Sraithe Sóisearaí | Ollscoil Luimnigh

Beidh torthaí an staidéir sin, in éineacht le torthaí na sraithe athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm luath ábhair agus ghearrchúrsaí ina gcabhair iontach chun tacú le hobair leanúnach na scoileanna le CSS15 agus chun eolas a dhéanamh d'obair CNCM chun athchuairt a thabhairt ar an gCreat agus é a nuashonrú, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin.Lena chois sin, baileoidh an staidéar eolas tábhachtach mar chuid den staidéar, a bhaineann go sonrach leis an ábhar, a mbeidh gá machnamh a dhéanamh air in éineacht leis na léargais ón athbhreithniú seo nuair a sceidealófar athfhorbairt ar ábhair Chéim 5 den tSraith Shóisearach.

# 3. Forléargas ar an bpróiseas athbhreithnithe

Tá tuairimí a lorg ó mhúinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara faoina dtaithí ar an gcuraclam a chur i bhfeidhm ar cheann de phríomhchuspóirí an phróisis athbhreithnithe. Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023 - 2026) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú

Tugtar breac-chuntas ar na réimsí treorach agus na hábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú i dTábla 1 thíos.

| Réimse | Ábhair iniúchta |
|---|---|
| Ag obair leis an tsonraíocht | Aidhm na sonraíochta a bhaint amach<br>Ag obair le torthaí foghlama<br>Pleanáil don fhoghlaim, teagasc agus measúnú<br>Rúin foghlama agus critéir ratha a úsáid |
| Measúnú | Measúnú do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)<br>Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)<br>Léargas ar úsáid samplaí d'obair scoláirí<br>An measúnú deiridh |
| Creat don tSraith Shóisearach | Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú<br>An tAistriú go dtí an tSraith Shinsearach<br>Ionchuimsiú |

**Tábla 1: Réimsí agus ábhair a ndearnadh iniúchadh orthu san athbhreithniú**

## Cur chuige modheolaíoch

Rinneadh an t-athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath seo ó mhí na Samhna 2024 go mí an Mhárta 2025 de réir leagan amach a chomhaontaigh an Chomhairle agus an Bord don tSraith Shóisearach le haghaidh athbhreithnithe cosúla ar chur i bhfeidhm luath ar ábhair na sraithe sóisearaí i gCéim 1 agus 2 (Béarla, Eolaíocht agus Gnó) agus i gCéim 3 (Amharc-ealaín agus Nuatheangacha Iasachta), agus i gCéim 4 (Tíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol). Bailíodh aiseolas ar na bealaí seo a leanas:

- cuairteanna scoile chun dearcthaí agus taithí múinteoirí agus scoláirí ón 3ú - 6ú bliain a ghabháil
- suirbhé ar líne
- aighneachtaí scríofa.

Iarradh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe cuairte scoile a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na cuairteanna scoile agus na hagallaimh ar líne a anaithnidiú agus a thras-scríobh, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2020). Coinníodh príobháideachas na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás inar thug eagraíocht cead follasach go n-aithneofaí í mar eagraíocht a chuir leis an gcomhairliúchán trí aighneachtaí scríofa.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach don anailís sonraí, bunaithe ar thacar de théamaí treoracha a bhí in úsáid ar feadh an athbhreithnithe. Chabhraigh sé sin chun téamaí sna sonraí a bailíodh a shainaithint agus a anailísiú.

## Cuairteanna scoile

Roghnaíodh sampla scoileanna chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, a roghnaíodh ó na scoileanna sin a d'fhreagair roimhe seo ar ghlao oscailte ar léirithe spéise maidir le páirt a ghlacadh i bpróisis chomhairliúcháin CNCM.

Taispeántar miondealú na scoileanna a roghnaíodh i dTábla 2 thíos. Bhí dhá fhócasghrúpa sna cuairteanna scoile a raibh scoláirí ón $3^{Ú}$ go $6^{Ú}$ bliain agus an múinteoir/na múinteoirí ábhair ábhartha páirteach iontu. Bhí 6 chuairt scoile ann **do gach péire ábhar** san athbhreithniú. Cuireadh na hábhair ina bpéirí mar seo a leanas: Innealtóireacht agus Teicneolaíocht Adhmaid; agus Grafaic agus Teicneolaíocht Fheidhmeach.

| Miondealú de réir cineál scoile | Staitisticí náisiúnta | Líon na gcineálacha scoile ar tugadh cuairt orthu | Ionadaíoch % |
|---|---|---|---|
| BOO | 29% | 2 | 17% |
| Meánscoil Dheonach | 50% | 5 | 42% |
| Scoil Phobail/Chuimsitheach | 21% | 5 | 42% |
| Beag (1-350) | 27% | 1 | 8% |
| Meánach (351-700) | 41% | 4 | 33% |
| Mór (700+) | 33% | 7 | 58% |
| DEIS | 32% | 2 | 17% |
| Neamh-DEIS | 68% | 10 | 83% |
| Buachaillí Amháin | 13% | 3 | 25% |
| Cailíní Amháin | 17% | 0 | 0% |
| Scoil chomhoideachais | 70% | 9 | 75% |

**Tábla 2: Miondealú ar staitisticí náisiúnta na scoileanna i gcomparáid leis na scoileanna a roghnaíodh agus ar tugadh cuairt orthu.**

## Suirbhé ar líne

Úsáideadh suirbhé chun aiseolas a bhailiú ó aon duine a bhí ag iarraidh a gcuid taithí ar ábhar chéim 5 den tSraith Shóisearach a roinnt. Roinneadh é sin ar líne trí www.ncca.ie, www.curriculumonline.ie, agus ar fud ardáin meán sóisialta CNCM. Leagtar amach i dTábla 3 na freagraí a fuarthas i leith gach ábhair.

| Ábhar | Aighneachtaí ar líne | Múinteoirí | Scoláirí | Lucht Bainistíochta |
|---|---|---|---|---|
| Teicneolaíocht Fheidhmeach | 5 | 11 | 57 | 24 (i measc na n-ábhar go léir) |
| Innealtóireacht | 25 | 12 | 55 | |
| Grafaic | 19 | 11 | 53 | |
| Teicneolaíocht Adhmaid | 14 | 13 | 64 | |

**Tábla 3: Achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas agus na múinteoirí / scoláirí / ceannairí scoile a ndeachthas i gcomhairle leo**

## Aighneachtaí i scríbhinn

Bhí cuireadh oscailte d'aighneachtaí i scríbhinn ar www.ncca.ie, a roinneadh go díreach lenár bpáirtithe oideachasúla. Fuarthas na haighneachtaí a leanas do gach ábhar:

- Teicneolaíocht Fheidhmeach: An Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Oide, Cumann Múinteoirí Teicneolaíochta Innealtóireachta (ETTA), Cumann Mhúinteoirí Teicneolaíocht na hÉireann.
- Innealtóireacht: An Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Oide, ETTA.
- Grafaic: An Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Oide, ETTA. Cumann Mhúinteoirí Teicneolaíochta na hÉireann.
- Teicneolaíocht Adhmaid: An Roinn Oideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Oide, Cumann Mhúinteoirí Teicneolaíochta na hÉireann.

# 4. Aiseolas ón athbhreithniú

Tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an athbhreithnithe sa chuid seo. Chuir na réimsí treorach don phlé a úsáideadh i gcaitheamh an athbhreithnithe (Tábla 1) anailís an aiseolais a fuarthas le chéile. Tá an cur i láthair a leanas bunaithe ar dhearcadh scoláirí, múinteoirí, lucht bainistíochta scoile agus páirtithe leasmhara gach ábhair a bhreithniú, lena n-áirítear aiseolas a eascraíonn as cuairteanna scoile, freagraí ar líne agus aighneachtaí scríofa. Faigheann scoláirí agus múinteoirí taithí ar go leor gnéithe den tsraith shóisearach ar bhealach comhtháite. Dá bhrí sin, beidh roinnt gnéithe coiteanna thar na réimsí aiseolais soiléir thíos.

## Aidhmeanna na sonraíochtaí a bhaint amach

Le linn Aidhm gach sonraíochta a phlé, tharraing freagróirí roinnt saincheisteanna níos leithne anuas a mheas siad a bheith ábhartha do chur i bhfeidhm nó do bhaint amach na hAidhme agus luaitear na tuairimí sin sa chuntas a thugtar thíos.

**Aidhm don ábhar: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Teicneolaíocht Fheidhmeach**

Is léir go ginearálta ón aiseolas a fuarthas sa chomhairliúchán go bhfuil taithí na múinteoirí agus na scoláirí ar Theicneolaíocht Fheidhmeach sa tSraith Shóisearach ag tacú le scileanna amhail cruthaitheacht, comhoibriú agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt. Le linn na gcuairteanna a tugadh ar scoileanna, tharraing múinteoirí aird ar an mianach atá san ábhar spéis réimse leathan scoláirí a mhúscailt trí na gníomhaíochtaí praiticiúla agus réiteach-bhunaithe atá le déanamh ann. Luaigh scoláirí gur bhain siad taitneamh as an tsaoirse a thug na treoracha dearaidh oscailte dóibh agus ba mhór acu an deis a fuair siad an méid a d'fhoghlaim siad a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna san fhíorshaol. Luaigh freagróirí cur chuige treoraithe ag dearadh an ábhair agus an chaoi ar thacaigh sé sin le nuálaíocht, go háirithe i bhfianaise an ghné atriallaigh atá ag obair thionscadail. Dúradh, leis, go gcothaíonn an ghné seo teacht aniar i scoláirí.

Cé go bhfuil Aidhm na sonraíochta oiriúnach go maith d'fhoghlaim a dhéanamh ábhartha agus fónta, thuairiscigh roinnt múinteoirí gur deacair do roinnt scoileanna an Aidhm a bhaint amach go hiomlán agus iad faoi shrian ag teacht neamhsheasmhach ar acmhainní amhail printéir 3T, bogearraí dearaidh ríomhchuidithe (CAD), gearrthóirí léasair agus córais rialaithe. Tá siad fós thíos le ganntanas acmhainní ainneoin an infheistíocht atá déanta le blianta beaga anuas. Luadh a thábhachtaí agus atá sé do bhaint amach na hAidhme tacú le foghlaim ghairmiúil a dhéanamh níos minice agus níos leanúnaí i réimse amhail micririaltáin agus leictreonaic. Cé gur thrácht roinnt múinteoirí go fabhrach ar sholúbthacht na sonraíochta, bhí cuid eile acu den tuairim gur deacair gabháil tríd an méid atá le foghlaim laistigh den am a chuirtear i leataobh chuige agus raon na sonraíochta chomh leathan sin.

**Innealtóireacht**

Le linn na gcuairteanna scoile, d'aontaigh múinteoirí, scoláirí agus ceannairí scoile go dtacaíonn sonraíocht Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí le scileanna praiticiúla, teicniúla, bunaithe ar dhearadh a fhorbairt. Ba mhór ag scoláirí gné fheidhmeach an ábhair agus an deis a thug sé dóibh tionscadail fheidhmiúla a dhearadh agus a mhonarú fad is a tharraing múinteoirí aird ar an gcaoi a

gcothaíonn an tsonraíocht réiteach fadhbanna san fhíorshaol agus plé gníomhach le hábhair, le trealamh innealtóireachta agus le leictreonaic bhunúsach.

Bhíothas go láidir den tuairim go dtacaíonn an t-ábhar le féinmhuinín a chothú i scoláirí agus go spreagann an cur chuige atriallach iad chun teacht aniar a léiriú. Fós féin, thrácht freagróirí áirithe ar an ngá a bheith an-bheacht leis an tionscadal deiridh, chomh beacht sin gur ar éigean atá scoláirí áirithe in ann chuige, agus d'áitigh roinnt múinteoirí gur beag deis a thugtar do scoláirí a gcuid féin a dhéanamh den tionscadal, rud a chuireann bac ar chruthaitheacht.

Dar le roinnt múinteoirí freisin, cé go dtacaíonn an leagan amach trí chéile le hAidhm an ábhair, d'fhág srianta ama agus an brú chun críochnaithe nach mbíonn an dara rogha ann go minic ach réimse na taithí foghlama a chuirtear ar fáil sa tríú bliain a chúngú. Bhíothas den tuairim go dtacódh breis solúbthachta sa mheasúnú, roghanna tionscadail níos ionchuimsithí agus an t-ábhar a bheith ag teacht níos mó leis an tSraith Shinsearach le hAidhm na sonraíochta a bhaint amach ar bhealach níos doimhne.

**Grafaic**

Sna scoileanna ar tugadh cuairt orthu, d'aontaigh na múinteoirí agus na scoláirí gur éirigh tríd is tríd le sonraíocht Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí na príomhscileanna cumarsáide amhairc a fhorbairt. Bhí a lán den tuairim go raibh an bhéim ar líníocht, réasúnú amharcspásúil agus CAD tarraingteach agus ábhartha do scoláirí, go háirithe nuair a bhí teacht leanúnach ag scoláirí ar na hacmhainní cuí. Rinne a lán scoláirí cur síos ar Ghrafaic mar ábhar taitneamhach tairbheach agus tharraing siad aird ar an gcaoi ar bhraith siad go raibh rud éigin fiúntach déanta acu nuair a chríochaigh siad a dtascanna líníochta agus nuair a chonaic siad toradh a gcuid oibre ag teacht le chéile ar pháipéar nó ar scáileán.

Cé gur measadh tríd is tríd go raibh ag éirí ar mhórán bealaí le hAidhm na sonraíochta a bhaint amach, fós féin bhíothas den tuairim go raibh gá le tacaíocht níos spriocdhírithe do sceitseáil agus do CAD a ghlacadh isteach. Le linn plé a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh an Aidhm a bhaint amach, tarraingíodh aird in aighneacht Oide ar a dheacra agus atá sé cabhrú le scoláirí a gcumas réitithe fadhbanna a fhorbairt uaireanta, go háirithe nuair atá gné mhatamaiticiúil ag baint le cuid mhaith de na fadhbanna a chuirtear roimh scoláirí sa Ghrafaic. Luadh go gcaithfeadh scileanna smaointeoireachta criticiúla, teacht aniar, cruthaitheacht agus mioneolas ar gheoiméadracht sholadach a bheith ag scoláirí chun bheith éifeachtach i mbun na fadhbanna seo a réiteach. Measadh nach aon dóithín é an meascán de scileanna ardoird seo a bheith ar a dtoil ag scoláirí sa tsraith shóisearach. Sainaithníodh san athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath freisin na dúshláin a bhaineann le tús a chur leis na fiosruithe geoiméadrachta ag an am ceart agus le hiad a leagan amach san ord cuí. Is léir uaidh sin an gá atá le cur chuige níos comhtháite.

**Teicneolaíocht Adhmaid**

Tá scoláirí, múinteoirí agus ceannairí scoile den tuairim a bheag nó a mhór go dtacaíonn Sonraíocht na Teicneolaíochta Adhmaid sa tSraith Shóisearach le taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim agus í a bheith scoláire-lárnach. Is mó duine a rinne cur síos uirthi mar ábhar praiticiúil, cruthaitheach agus tairbheach agus dúradh gur bua mór dá chuid an chomhpháirt tionscadail 70%. Measadh gur chuir an obair thionscadail fonn oibre ar na scoláirí, gur spreag sí iad chun obair as a stuaim féin a dhéanamh agus go bhfuair siad neart deiseanna fónta uaithi chun iad féin a chur in iúl.

Tharraing múinteoirí aird ar an gcaoi a raibh éirim na sonraíochta athraithe go béim a chur ar smaointeoireacht deartha agus ar fhoghlaim mhachnamhach, rud a chabhraíonn le scoláirí scileanna réitithe fadhbanna a fhorbairt agus a bhféinmhuinín a neartú. Dar le roinnt múinteoirí is gné lárnach den tsonraíocht an bhéim ar dhearadh. Mhol roinnt múinteoirí an bhéim seo ar an mbonn go gcuireann sí iallach ar scoláirí smaoineamh go cruthaitheach, údar a thabhairt lena gcinntí agus machnamh a dhéanamh ar phróiseas an deartha. Fós féin, bhí roinnt múinteoirí den tuairim nach raibh siad in ann a oiread deiseanna a thabhairt do scoláirí ar na scileanna míne adhmadóireachta a fhorbairt agus a thugtaí do scoláirí san ábhar seo tráth de bharr na béime níos mó ar dhearadh.

Dúirt a lán scoláirí gur chothaigh timpeallacht an tseomra ranga san ábhar seo comhoibriú, rud atá taitneamhach, dar leo. Tríd is tríd, bhí daoine ar aon intinn go raibh ag éirí ó thaobh na praiticiúlachta de le hAidhm na sonraíochta a bhaint amach, an mhianaidhm chun foghlaimeoirí féinmhuiníneacha, cruthaitheacha atá oilte i scileanna teicniúla a chothú san áireamh. Fós féin, measadh nach féidir an Aidhm a bhaint amach go hiomlán gan a dhóthain ama, soiléireachta agus acmhainní a chur ar fáil.

## Ag Obair le Torthaí Foghlama

An méid atá le foghlaim ag scoláirí sna ceithre shonraíocht ábhair ar fad, is i bhfoirm torthaí foghlama atá sí leagtha amach. Cuirtear in iúl leis na torthaí foghlama sin an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba cheart a bheith ar a dtoil ag na scoláirí tar éis trí bliana a chaitheamh i mbun foghlama. Ó cheann ceann an athbhreithnithe, threoraigh na torthaí foghlama an díospóireacht agus b'amhlaidh gur tráchtadh ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le bheith ag obair leis na torthaí foghlama arís agus arís eile maidir leis na ceithre ábhar.

Mar sin féin, is léir nach bhfuiltear ar aon intinn faoi fhiúntas na dtorthaí foghlama sa mhéid is, bíodh go bhfuil múinteoirí ann a mholann iad as na tréithe a chothaíonn siad, tá múinteoirí eile ann a deir go bhfuil tionchair acu nach bhfuil chomh maith céanna acu. Tharraing sé seo go leor cainte san aiseolais a fuarthas sna hathbhreithnithe go léir a rinneadh ar chur i bhfeidhm luath ábhair na sraithe sóisearaí. Cé gur dóigh le roinnt múinteoirí gur iomaí deis a eascraíonn as an tsolúbthacht agus an oscailteacht a bhaineann leis an gcur chuige torthaí foghlama, tá múinteoirí eile ann a mheasann go bhfuil easpa sainiúlachta ag baint leo agus gur údar éiginnteachta iad.

**Torthaí Foghlama: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Teicneolaíocht Fheidhmeach**

Tá múinteoirí agus scoláirí ar aon intinn go bhfuil torthaí foghlama Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí ag teacht leis an ngné nuálach fhiafraitheach atá ag an ábhar. Bhí meas ar na torthaí as an gcaoi a spreagann siad cruthaitheacht, comhoibriú agus réiteach fadhbanna agus bhí mórán den tuairim go raibh siad solúbtha a dhóthain chun tacú le réimse leathan cineálacha tionscadal agus riachtanas foghlaimeoirí.

Bhí roinnt múinteoirí den tuairim go bhfuil sé deacair eispéireas foghlama chuí a dhearadh agus raon na dtorthaí foghlama chomh leathan agus atá. Tráchtadh ar a dhúshlánaí agus atá sé torthaí a bhaineann le leictreonaic, le ríomhchlárú agus le feasacht timpeallachta a bhaint amach i scoileanna atá gann ar threalamh. Torthaí a úsáideann briathra amhail 'comhtháthaigh', 'déan breithmheas air'

agus 'déan machnamh air', dúirt múinteoirí gur deacair iad a bhaint amach gan scafall cuí a bheith ar fáil. In aighneacht Oide dúradh go raibh gá le machnamh a dhéanamh ar conas múinteoirí a chur ar an eolas gur bealach maith é ceistiú na dtorthaí foghlama atá ann cheana féin chun forbairtí a tharla le déanaí a ghlacadh isteach san ábhar. Mar shampla, Toradh Foghlama 3.7 a bhaineann le slándáil agus le príobháideacht sonraí, d'fhéadfadh sé sin slándáil an duine ar líne agus plé folláin leis an teicneolaíocht a chuimsiú agus an t-eispéireas foghlama a dhéanamh níos comhtháite agus ábhartha ar an gcaoi sin. D'fhónfadh an fócas níos leithne do chur ar chumas scoláirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil a lán rudaí fite fuaite lena chéile sa tslándáil ar líne agus spreagfadh sé iad chun beann a bheith acu ar a bhfolláine dhigiteach trí chéile agus cur chuige níos cuimsithí i leith a mbealach a dhéanamh go sábháilte agus go freagrach tríd an saol digiteach a chothú ar an gcaoi sin.

Go praiticiúil, thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh orthu aisfheistiú a dhéanamh ar chleachtas a bhain leis an gcuraclam roimhe seo chun é a chur in oiriúint do na torthaí nua fad is a d'fhorbair múinteoirí eile aonaid chomhtháite foghlama a raibh sé níos éasca iad a chur in oiriúint don tsonraíocht. D'iarr mórán go dtabharfaí samplaí breise d'obair scoláirí agus forbairt ghairmiúil chun tacú le pleanáil mar aon le breis soiléireachta agus treorach a thabhairt d'fhonn tacú le torthaí foghlama áirithe a dhéanamh tarraingteach.

### Innealtóireacht

Is léir ón aiseolas a fuarthas le linn comhairliúcháin go rabhthas sásta tríd is tríd le struchtúr agus le cuspóir na dtorthaí foghlama in Innealtóireacht na Sraithe Shóisearaí. Bhraith múinteoirí go raibh aidhmeanna ginearálta an ábhair le sonrú sna torthaí foghlama agus cothromaíocht mhaith ann idir scileanna praiticiúla a fhorbairt agus deiseanna chun plé cruthaitheach agus criticiúil a dhéanamh. Ba mhór ag scoláirí an ghné fheidhmeach a bhí leis an bhfoghlaim ann agus b'iomaí scoláire a dúirt gur chabhraigh an tsonraíocht leo tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn rudaí san fhíorshaol.

Dúradh in aighneacht na Roinne Oideachais (RO) go raibh múinteoirí éifeachtach den chuid is mó maidir leis na torthaí foghlama a thuiscint agus pleanáil a dhéanamh faoina gcomhair. Luaigh RO an chaoi a raibh na torthaí i Snáithe 1 agus i Snáithe 2, 'Próisis agus prionsabail' agus 'Cur i bhfeidhm dearaidh', go mór le sonrú sna cáipéisí pleanála agus in eispéireas na scoláirí sa seomra ranga. Dar le múinteoirí áirithe tá an tuairim ann go bhfuil roinnt torthaí foghlama róleathan nó ró-theibí, rud a fhágann go bhfuil sé deacair pleanáil faoina gcomhair agus measúnú a dhéanamh orthu go muiníneach. Tharraing roinnt múinteoirí aird ar a dhúshlánaí agus atá sé torthaí a bhaineann le meicitreonaic, le córais rialaithe agus le hinbhuanaitheacht a chur i gcrích, go háirithe nuair nach bhfuil teacht ar acmhainní ábhartha ná ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach speisialaithe. Torthaí a fhéachann le machnamh níos doimhne nó comhtháthú a chothú, léirigh roinnt múinteoirí imní go raibh sé deacair do scoláirí áirithe teacht isteach orthu.

Cé gur úsáid roinnt múinteoirí torthaí foghlama chun pleanáil a threorú, bhí roinnt eile ann a lean orthu i mbun torthaí foghlama a chur in oiriúint do mhúnlaí tionscadail a bhí ann cheana. Maidir le torthaí casta nó níos oscailte a bhaineann le 'fiosraigh' agus 'tabhair breithmheas air', iarradh breis treorach go háirithe chun tacú le léirmhíniú agus le cur i bhfeidhm agus chun comhsheasmhacht a chinntiú.

### Grafaic

D'aontaigh mórán go raibh an fhoghlaim lárnach le sonrú i dtorthaí foghlama Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí, go háirithe i réimsí amhail réasúnú amharcspásúil, amharclitearthacht agus dearadh digiteach. Bhí idir scoláirí agus mhúinteoirí den tuairim go gcuireann na torthaí foghlaim

struchtúrtha chun cinn agus go gcabhraíonn siad leis na bunscileanna a fhorbairt atá ag teastáil chun Grafaic Dheartha agus Chumarsáide a dhéanamh sa tsraith shinsearach.

Bhí imní ar roinnt múinteoirí faoi líon na dtorthaí foghlama agus an méid éiginnteachta atá le sonrú i réimsí áirithe. Torthaí a raibh sceitseáil, glacadh isteach CAD agus líníocht ar chlár nó prionsabail dearaidh a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna ag baint leo, measadh gur deacair iad a léirmhíniú, go háirithe gan samplaí ar leith ar a bhfuil i gceist nuair a éiríonn le duine iad a chur i gcrích. Dúirt múinteoirí gur streachail scoláirí áirithe leis an méid a foghlaimíodh i snáitheanna éagsúla a nascadh le chéile agus go raibh an stór focal teicniúil ag teacht sa mhullach ar scoláirí áirithe.

Cé go raibh mórán den tuairim go gcuireann na torthaí le cumas na scoláirí agus go bhfuil siad ionchuimsitheach, ba mhaith le mórán dá dtabharfaí treoir níos soiléire maidir leis an gcineál foghlama a bhfuiltear ag súil leis i gcás torthaí áirithe. D'iarr múinteoirí go dtabharfaí tacaíocht maidir leis na torthaí foghlama a chur in oiriúint don mhéid ama a chuirtear i leataobh do ranganna praiticiúla agus do na huirlisí bogearraí atá ar fáil. Dúradh go bhfuil dúshlán nach beag ag baint le tuiscint scoláirí ar phrionsabail gheoiméadracha, ar chruthanna, ar dhéantúis, ar airíonna, agus ar réasúnú amharcspásúil a fhorbairt agus moladh gur réimse í seo ar fiú a chíoradh tuilleadh.

**Teicneolaíocht Adhmaid**

Aontaíonn idir mhúinteoirí agus scoláirí go bhfuil foghlaim ábhartha thairbheach le sonrú i dtorthaí foghlama Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí. Measadh go dtacaíonn na torthaí le cur chuige praiticiúil agus scoláire-lárnaithe a ghlacadh agus béim shoiléir iontu ar dhearadh, ar réiteach fadhbanna agus ar smaointeoireacht mhachnamhach. Tugadh faoi deara in aighneacht RO go bhfuil na torthaí foghlama cuí agus go bhfuiltear go maith i mbun iad a cheistiú. Leagtar amach cothromaíocht chuí iontu freisin idir teoiric agus foghlaim phraiticiúil agus tugadh faoi deara, leis, go raibh an t-aiseolas a fuarthas ó scoláirí agus ó mhúinteoirí le linn na gcigireachtaí ábhair dearfach.

Ba é tuairim roinnt múinteoirí sa chomhairliúchán go bhfuil líon na dtorthaí foghlama iomarcach i bhfianaise an méid ama a chuirtear i leataobh chun iad a bhaint amach. Torthaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le teicneolaíochtaí digiteacha, dúradh go raibh siad doiléir nó gur deacair iad a chomhtháthú. Thuairiscigh roinnt múinteoirí nach raibh siad cinnte faoin gcineál foghlama atá á lorg i gcás torthaí áirithe, go háirithe sa chaoi a bhfuil easpa paraiméadair shoiléire i gceist le briathra gnímh amhail 'fiosraigh' nó 'iniúch', dar le roinnt daoine (mar shampla, TF 3:11, a deir gur cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí *iniúchadh a dhéanamh ar turas adhmaid, ón bhforaois go dtí an úsáid deiridh*). An briathar gnímh 'forbair' atá i dToradh Foghlama 2.9, a deir gur cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí *réitigh a fhorbairt bunaithe ar mhachnamh criticiúil*, mheas roinnt daoine go raibh sé ró-oscailte.

Gné dhearfach é i súile mórán múinteoirí an chaoi a bhfitear teoiric agus obair phraiticiúil lena chéile mar a leagtar é sin amach ar fud réimse na dtorthaí foghlama, cé gur admhaíodh nár éirigh le gach scoil ailíniú iomlán a bhaint amach go fóill. D'iarr múinteoirí go dtabharfaí breis ábhair thacaíochta agus samplaí chun an méid a bhfuiltear ag súil leis a shoiléiriú agus chun tacú le pleanáil agus le measúnú a dhéanamh.

## Pleanáil d’Fhoghlaim, do Theagasc, do Mheasúnú agus do Thuairisciú

**Pleanáil d'fhoghlaim, do theagasc, do mheasúnú agus do thuairisciú: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Teicneolaíocht Fheidhmeach**

Rinne múinteoirí sa Teicneolaíocht Fheidhmeach cur síos ar a seomraí ranganna mar áiteanna bríomhara atá faoi stiúir scoláirí agus ina n-úsáidtear cineálacha cuir chuige teagaisc a bhfuil dearadh atriallach, turgnamhaíocht agus foghlaim theagmhálach mar dhlúthchuid díobh. Moladh an tsonraíocht as a solúbthacht agus a hábharthacht don fhíorshaol, cé gur dúradh go bhfuil pleanáil don fhadtéarma níos deacra mar gheall ar an ngné seo.

Bhraith na cleachtais teagaisc a úsáideadh ar chomhthéacs na scoile ina rabhthas ag múineadh. I roinnt scoileanna dúradh gur chuir tionscadail chomhtháite ar chumas scoláirí plé le leictreonaic, le córais rialaithe agus le códú. I dtimpeallachtaí eile, ní raibh an dara rogha ann ach cloí sa teagasc le dearadh níos bunúsaí agus le gníomhaíochtaí déanaimh cheal teacht ar shainsheomra ranga. Chuaigh múinteoirí i ngleic leis seo trí thascanna réitithe fadhbanna ina raibh béim ar chruthaitheacht agus ar obair ghrúpa a úsáid.

Luadh cead cainte do scoláirí agus neamhspleáchas go minic agus tuairiscíodh go raibh scoláirí gafa go mór lena dtionscadail agus gur chuir an tsaoirse a tugadh dóibh a gcinntí dearaidh féin a dhéanamh díocas chun oibre orthu. Luaigh múinteoirí go raibh an gá le smaointeoireacht mhachnamhach a dhéanamh agus próiseas an deartha a dhoiciméadú dúshlánach go leor do scoláirí. D’fháiltigh roinnt múinteoirí san athbhreithniú roimh na deiseanna chun teagasc buíne nó comhoibriú a dhéanamh ach dúradh nach bhfuil na deiseanna chuige sin chomh líonmhar sin de bharr srianta foirne nó cláir ama.

Luadh in aighneacht RO go bhfuil ag éirí go maith leis seo, go ndéantar an phleanáil go comhoibríoch agus go bhfuil sé bunaithe ar phlean a chuirtear i láthair mar cháipéis dhinimiciúil oibre seachas mar rud nach ndéantar é a nuashonrú ach go bliantúil agus a gcaitear leis mar cháipéis neamhathraitheach. Dúirt RO gur chúis sásaimh dóibh go raibh a lán scoileanna ag baint úsáid as teimpléad pleanála A3 na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí. Dá bharr sin, bhíothas in ann tacaíocht struchtúrtha a thabhairt agus bhí múinteoirí in ann aonaid foghlama a fhorbairt ina raibh an scoláire i lár báire.

**Innealtóireacht**

Dúradh gur dhírigh teagasc agus foghlaim san Innealtóireacht go mór ar an tionscadal deiridh agus gur úsáid a lán múinteoirí é mar chroílár an chúrsa chun scileanna praiticiúla agus teoiriciúla a fhorbairt. Cé gur measadh go raibh an cur chuige seo cuí, d’admhaigh roinnt múinteoirí gur chúngaigh sé réimse an teagaisc sa tríú bliain agus gur chuir sé srian leis an méid ama arbh fhéidir a chaitheamh i mbun cíoradh níos leithne a dhéanamh ar choincheapa.

Tuairiscíodh gur mhór idir na cuir chuige teagaisc ag brath ar thaithí na múinteoirí agus na hacmhainní a bhí ar fáil dóibh. I gcás scoileanna áirithe, tuairiscíodh gur baineadh leas as aonaid dhea-struchtúrtha a mheasc teoiric le hobair phraiticiúil. I gcásanna eile, cuireadh torthaí foghlama in oiriúint do thascanna atá ann le fada. Bhraith múinteoirí ar mhodhanna neamhfhoirmiúla measúnaithe agus aiseolais go minic, go háirithe trí thuairimí a thabhairt agus ceisteanna a chur fad agus a bhí obair phraiticiúil ar siúl.

Ba trí thacaíocht a thabhairt le linn tascanna praiticiúla agus comhoibriú le piaraí a tugadh aghaidh ar idirdhealú ach ba lú fianaise a bhí ann ar phleanáil spriocdhírithe do scoláirí a raibh riachtanais foghlama bhreise acu. Sainaithin múinteoirí go raibh gá le níos mó tacaíocht phleanála i leith réimsí atá ag teacht chun cinn amhail meicitreonaic agus leictreonaic, go háirithe faoin gcaoi lena bhfí isteach i dteagasc laethúil ar bhealach fónta.

**Grafaic**

Thuairiscigh múinteoirí go bhfuil athrú tagtha ar theagasc agus ar fhoghlaim sa Ghrafaic go cothromaíocht níos mó idir scileanna láimhe agus scileanna digiteacha. Fáiltíodh roimh ghlacadh isteach CAD, go háirithe ó thaobh spreagadh na scoláirí de, ach tá ganntanas acmhainní ina shrian go fóill ar chaighdeán agus ar chomhsheasmhacht na n-eispéireas foghlama i measc na scoileanna. I roinnt cásanna, dhírigh múinteoirí ní ba mhó ar líníocht ar chlár agus, toisc gan teacht acu ar a raibh ag teastáil, níor thug siad CAD isteach ach i dtreo deireadh sraith a theagasc do ghrúpa ranga.

Ba léir ón athbhreithniú gur mhinic a úsáideadh cur chuige bunaithe ar thopaic chun Grafaic a mhúineadh trí leas a bhaint as téacsleabhair nó as ranganna teagaisc bogearraí. Fós féin, aon uair a forbraíodh aonaid foghlama, tuairiscíodh go raibh teagasc ní ba chomhtháite agus ní ba fhreagrúla dá bharr. Tuairiscíodh go bhfuil dua ag baint le sceitseáil agus le réasúnú amharcspásúil i gcás mórán scoláirí agus luaigh roinnt múinteoirí go mbíonn sé deacair féinmhuinín scoláirí a chothú maidir lena gcumas sceitseála saorláimhe. Bhí roinnt freagróirí den tuairim gur cheart an tsonraíocht a choinneáil i gcuimhne sa chaoi a gcuirtear na spreagthaigh i láthair agus gur cheart plé leo ar bhealach comhtháite. Dúradh go bhféadfadh an cur chuige sin cabhrú le tuiscint an scoláire a fhorbairt agus a dhoimhniú.

Foghlaim comhoibríoch agus piarthacaíocht: sin dhá bhua a shamhlaigh daoine go mór le seomra ranga Grafaice, go háirithe nuair atá gníomhaíochtaí CAD ar siúl. Dúirt múinteoirí go mbíonn scoláirí níos gníomhaí faoin méid atá á phlé nuair a thugtar saoirse dóibh tascanna dearaidh a fhiosrú. Cé go raibh claonadh ann i measc múinteoirí a gcuid cinntí pleanála a bhunú ar a mbeadh sa scrúdú deiridh, dar leo, thuairiscigh roinnt múinteoirí gur laghdaigh sé sin an bhéim ar theagasc ar mhaithe le scileanna a fhorbairt.

Thuairiscigh múinteoirí gur thacaigh an tsonraíocht le cruinneas, le réiteach fadhbanna agus le smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt. Mar sin féin, léirigh roinnt múinteoirí imní go mbíonn fairsinge na dtorthaí foghlama agus an easpa sainiúlachta ina mbac ar phleanáil, go háirithe nuair a bhítear ag iarraidh cothromaíocht a bhaint amach idir líníocht ar chlár agus CAD.

**Teicneolaíocht Adhmaid**

Dúirt múinteoirí go raibh siad ag éirí níos muiníní maidir leis an tsonraíocht a úsáid chun a gcuid teagaisc a threorú. Thuairiscigh a lán acu go bhfuil sé de nós acu anois níos mó gníomhaíochtaí atá faoi stiúir scoláirí agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar dhearadh a chur ina gcuid pleanála ná mar a bhíodh de nós acu roimhe seo. Bhíothas den tuairim go bhfuil fiúntas ag baint leis an athrú i dtreo teoiric a ghlacadh isteach in obair phraiticiúil agus ba léir do mhórán múinteoirí an tairbhe atá le baint as aonaid foghlama sa chaoi a bhfuil solúbthacht agus freagrúlacht iontu chun freastal ar riachtanais scoláirí. Tharraing múinteoirí aird ar an gcaoi a raibh scoláirí sásta an-chuid ama a chaitheamh tar éis an lae scoile chun obair thionscadail a chríochnú. Tharraing siad aird chomh maith ar an gcaoi a bhfuil an ghné cheardaíochta ina hábhar bróid do scoláirí fós agus go gcuireann sí díocas chun oibre orthu.

Thuairiscigh na múinteoirí go mbíonn scoláirí an-tógtha lena bhfuil ar siúl acu den chuid is mó, go háirithe nuair a thugtar an deis dóibh a gcuid féin a dhéanamh de na tascanna dearaidh. Ba nós leas a bhaint as dearadh taisc, piarfhoghlaim agus grúpáil sholúbtha chun idirdhealú a bhainistiú, cé go ndúirt roinnt múinteoirí go mbíonn sé sin deacair ar uairibh i gcás ranganna móra. Dúradh go mbíonn pleanáil idir na múinteoirí cabhrach agus nach i gcónaí a bhí am ann chun í a dhéanamh. Baineann scoileanna áirithe leas as cruinnithe um Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó as tiomántáin chomhroinnte chun cuir chuige a chomhordú. Tharraing a lán freagróirí agus rannpháirtithe leasmhara aird ar an gcaoi a mbíonn an próiseas AFMÁ dúshlánach do scoileanna nach mbíonn ach aon mhúinteoir amháin iontu. Fós féin, glacadh leis go raibh an tsamhail AFMÁ tairbheach.

Léirigh roinnt múinteoirí imní faoina laghad ama a thugtar dóibh chun plé le réimse iomlán na sonraíochta, go háirithe nuair nach mbíonn teacht rómhinic acu ar shainseomraí de bharr srianta cláir ama.
Cé go raibh fáilte roimh ghlacadh isteach téamaí níos leithne amhail inbhuanaitheacht agus litearthacht dhigiteach, bhíothas den tuairim go mbíonn sé deacair go minic a bheith leanúnach i mbun plé leo de bharr srianta ama agus acmhainní. Dúirt múinteoirí go raibh gá le breis treorach faoin méid atá le foghlaim sna réimsí seo agus go dtacódh sé sin le bheith níos leanúnaí i mbun iad a chur i bhfeidhm.

## Measúnú

Breithnítear sa chuid seo den tuarascáil aiseolas ó fhreagróirí ar an measúnú. Breithnítear an measúnú inti maidir le trí ghné:

- Measúnú Leanúnach
- Measúnuithe Rangbhunaithe
- Socruithe scrúdaithe deiridh.

Tá na gnéithe seo bunaithe ar an gcur chuige déach maidir le measúnú sa tsraith shóisearach, a ceapadh chun tacú le foghlaim an scoláire i rith thrí bliana na sraithe sóisearaí agus chun gnóthachtáil a thomhas ag deireadh na dtrí bliana sin. Táthar ag súil go laghdófar an bhéim a chuirtear ar an scrúdú deiridh leis an gcur chuige déach sin, agus go mbeidh na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) agus an measúnú foirmitheach ní ba thábhachtaí. Tagann an t-athrú béime sin ón aitheantas go bhfoghlaimíonn na scoláirí sa bhealach is fearr nuair a chuireann na múinteoirí aiseolas ar fáil a chuidíonn leis na scoláirí tuiscint a fháil ar conas is féidir leo a bhfoghlaim a fheabhsú, de réir mar a leagtar amach sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015.

Sna socruithe leasaithe a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19, is faoi lucht bainistíochta na scoile, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis na múinteoirí ábhartha, a bheidh sé cinneadh a dhéanamh cibé Measúnú Rangbhunaithe amháin nó dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i ngach ábhar. Rinneadh na cinntí sin mar gheall ar chúinsí a tháinig chun cinn de dheasca phaindéim Covid-19 agus a dtionchar ar scoláirí agus ar scoileanna. Ní hionann na cúinsí sin ó scoil go scoil agus is iad lucht na scoile is fearr chun an cinneadh is ceart a dhéanamh ina leith a roghnú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil rogha ag scoileanna idir MRB1 nó MRB2 in go leor ábhar, i gcás gach ceann de na ceithre ábhar Teicneolaíochta caithfidh scoláirí MRB2 a chríochnú toisc go mbaineann an MRB2 le comhpháirt mheasúnaithe an tionscadail deiridh. Is fiú 70% an tionscadal sin de ghrád foriomlán an ábhair sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, san

Innealtóireacht agus sa Teicneolaíocht Adhmaid agus baineann an 30% eile leis an scrúdú scríofa deiridh. Sa Ghrafaic, is é a mhalairt d'ualuithe atá i gceist (30% le haghaidh an tionscadail, 70% le haghaidh an scrúdaithe deiridh). Ba cheart a thabhairt faoi deara, leis, go maireann an tréimhse MRB2 ar feadh 4 seachtaine i mí Mheán Fómhair den tríú bliain i gcás gach ceann de na ceithre ábhar Teicneolaíochta.

Tarraingíodh anuas roinnt deacrachtaí a bhaineann leis na socruithe i gcomhair an scrúdaithe deiridh agus a bhíonn i gceist le gach ábhar. Tá sé i gceist achoimre a dhéanamh orthu anseo seachas caitheamh leo ina gceann agus ina gceann sna codanna a bhaineann go sonrach le hábhair thíos.

## Treoirlínte Measúnaithe

Measadh tríd is tríd go dtacaíonn na Treoirlínte Measúnaithe le haghaidh gach ábhair le pleanáil le haghaidh measúnú agus lena chinntiú go bpléitear na gnéithe ábhartha go léir. Chabhraigh siad le tascanna a struchtúrú agus le hionchais shoiléire a leagan síos do scoláirí, rud a chinntíonn go gcloítear leis na torthaí foghlama. Moladh gur cheart treoir níos mionsonraithe a thabhairt faoin gcaoi le tacú le scoláirí agus iad i mbun an phróisis taighde agus anailíse, go háirithe faoin gcaoi le bheith éifeachtach i mbun anailís a dhéanamh ar shonraí agus iad a chur i láthair. Tarraingíodh anuas na Gnéithe Cáilíochta le haghaidh na MRBanna agus roinnt de na freagróirí den tuairim gur cheart athmhachnamh a dhéanamh orthu. Dúradh go bhfuil 'ag teacht leis na hionchais' sách doiléir mar aiseolas le tabhairt do scoláirí agus dá dtuismitheoirí, go háirithe chun léargas a thabhairt ar na scileanna a d'fhorbair siad ó ábhair phraiticiúla a dhéanamh.

## Samplaí d'obair scoláirí

Bhí samplaí d'obair scoláirí le haghaidh MRB1 agus MRB2 ina dtacaíochtaí cabhracha dar le múinteoirí. Dúradh gur chuidigh na samplaí sin le múinteoirí éirí níos muiníní faoina mbreithiúnas féin nuair a bhí tuairisceoirí ar leibhéal gnóthachtála á mbronnadh acu ar obair scoláirí. Dúirt múinteoirí go mb'fhearr leo níos mó éagsúlachta a bheith le sonrú sna modhanna cumarsáide a úsáidtear sna samplaí. Dúradh go mbeadh tairbhe ag baint le samplaí d'obair scoláirí i ngnáth-thascanna seomra ranga a thabhairt chun bonn eolais a chur faoi dhea-chleachtas i leith torthaí foghlama, rúin foghlama, tascanna seomra ranga, critéir ratha agus aiseolas cuí a ailíniú.

## Measúnuithe Rangbhunaithe

B'éagsúil na tuairimí a thug múinteoirí ar na MRBanna. Bhí múinteoirí dearfach den chuid is mó faoin bpróiseas MRB, á rá gur bhain scoláirí taitneamh as an deis a tugadh dóibh in MRB1 an méid a d'fhoghlaim siad a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna san fhíorshaol. Chuir an t-am ina reáchtáiltear an MRB2 dúshláin roimh roinnt múinteoirí, go háirithe i gcomhthéacs na scrúduithe praiticiúla. I gcás an ghá atá leis an MRB a chríochnú agus a mheasúnú roimh an tionscadal praiticiúil a dhéanamh, mheas múinteoirí gur laghdaigh sé agus gur bhain sé an bhéim ar fheidhmíocht phraiticiúil ag am tábhachtach don scoláire. Cé gur glacadh leis go ndéanann sé maitheas do scoláirí plé leis an MRB2, tarraingíodh aird ar an gcaoi a mbíonn scoláirí gafa leis na comhpháirteanna measúnaithe go ceann tréimhse nach beag sa tríú bliain (thart ar 25 seachtain scoile – MRB2 ar feadh trí seachtaine agus an tionscadal oibre cúrsa ar feadh 22 seachtain). Measadh gurb ualach oibre mór a bhí ann do scoláirí sa tríú bliain, nuair a cuireadh san áireamh go raibh ar scoláirí machnamh agus toradh féinmheastóireachta a chur isteach mar chuid dá measúnú deiridh ar thionscadal na hoibre cúrsa. Moladh chomh maith gur cheart go smaoineofaí faoin gcaoi nach bhfuil torthaí na hoibre cúrsa, a beartaíodh a chur isteach mar chuid den mheasúnú deiridh ar

an obair chúrsa ó thús, á measúnú faoi láthair agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé le hualach oibre na scoláirí má thugtar ar ais isteach é nuair a rachaidh na socruithe measúnaithe leasaithe reatha in éag.

Thuairiscigh scoláirí gur bhain siad taitneamh as eispéireas na MRBanna den chuid is mó, go háirithe nuair a bhí an deis acu an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm ar chomhthéacsanna fíorshaoil. Mar sin féin, thagair roinnt scoláirí do sceidealú MRBanna ina scoil mar údar struis, toisc go raibh orthu déileáil le MRBanna iomadúla ar fud ábhair éagsúla ag an am céanna.

I gcás roinnt scoláirí, braitheadh go raibh MRBanna mar thasc difriúil ar leith le hais foghlaim leanúnach sa seomra ranga. Mar thoradh air sin, bhreathnaigh cuid acu ar MRBanna mar rud nach raibh gá leo nó mar rud a chuireann isteach ar an bhfoghlaim seachas mar chuid lárnach di. Bhí tuairim ann ar fud na n-ábhar gur cheart go gcoinneofaí an riachtanas chun MRB amháin a chríochnú seachas dá cheann, a tugadh isteach mar chuid de shraith beart chun tacú le scoláirí ar laghdaíodh a gcuid ama teagmhála ranga mar gheall ar an bpaindéim. Luadh gur minic nár thuig tuismitheoirí an chaoi a measúnaíodh na MRBanna agus nár thacaigh an teanga fhorleathan a úsáidtear sna tuairisceoirí mórán le machnamh nó cumarsáid fiúntach.

## An scrúdú scríofa

Is fiú 30% den ghrád foriomlán é an scrúdú scríofa do gach ceann de na hábhair Theicneolaíochta, seachas Grafaic, nuair is fiú 70% é. Sa chomhthéacs sin, ní mheastar go bhfuil a stádas chomh suntasach céanna agus scrúdú deiridh na n-ábhar eile sa tsraith shóisearach. Ní raibh an chuma ar an scéal gur mór ag scoláirí an scrúdú, agus measadh gur scrúdú é atá inrochtana ach nach bhfuil mórán luach spreagtha aige den chuid is mó mar gheall ar an ualú 30% a bhí air i dTeicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht agus Teicneolaíocht Adhmaid. Cheistigh roinnt múinteoirí an raibh dúshlán nó rogha leordhóthanach i gceist leis an scrúdpháipéar chun oiriúint don raon iomlán foghlaimeoirí. Luadh saincheisteanna sa tráchtaireacht maidir le stádas leibhéal comónta an pháipéir, an easpa roghanna sna ceisteanna, an easpa soiléireachta faoi mharcanna sannta agus an easpa am táscach do scoláirí le caitheamh ar cheisteanna. Mar sin féin, measadh go raibh an scrúdú ar fud na n-ábhar inrochtana agus cothrom den chuid is mó.

Thuairiscigh múinteoirí roinnt frustrachais maidir le neamhréireanna i dteanga an mheasúnaithe, go háirithe sa téarmaíocht a úsáideadh sna Gnéithe Cáilíochta do MRBanna, mar aon léi siúd a d'úsáid CSS chun gnóthachtáil an scoláire i measúnuithe foirmiúla a thuairisciú. Chuir siad an tuairim in iúl go raibh seans ann go mbeadh mearbhall ann sa chomhthéacs seo, agus gur cheart go mbeadh tuairisceoirí na gnóthachtála scoláirí níos ciallmhaire agus ailínithe ar fud an dá thacar d'eispéiris mheasúnaithe.

B'annamh a phléigh na scoláirí Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) agus níor leag múinteoirí mórán béime uirthi. Mar a bhíonn in ábhair eile, sainaithníodh go raibh tionchar ar a stádas ag a eisiúint mhoillithe agus an teanga dhoiléir a measadh a bheith ann. Mhol freagróirí go gcaithfidh an tuairisciú a bheith níos láithrí, níos tuairisciúla agus ailínithe ar bhealach níos fearr leis na fíoreispéiris foghlama in ábhair phraiticiúla má tá an tuairisciú chun tacú leis an bhfoghlaim agus le spreagadh.

## Bandaí grádaithe

Bhí eisiúint na mbandaí grádaithe ina saincheist lárnach san aiseolas a fuarthas ó na freagróirí. Ba léir go raibh idir mhúinteoirí agus scoláirí ar fud na n-ábhar ar fad míshásta le leithead measta na mbandaí grádaithe, go háirithe maidir leis na bandaí gráid 'Tuillteanas' agus 'Ardtuillteanas' agus an easpa soiléireachta a chuir an leithead sin ar fáil le gnóthachtáil scoláirí aonair a shainaithint. Léirigh roinnt múinteoirí imní faoin líon íseal Pasanna le Gradam a bronnadh ar a gcuid scoláirí sa toradh deiridh, rud a raibh baint pháirteach aige leis an easpa intuarthachta i struchtúr an scrúdaithe, ach a bhí ina chúis le múinteoirí ag ceistiú an leibhéal atá de dhíth chun Pas le Gradam a bhaint amach sa tsraith shóisearach i gcomparáid leis an Teastas Sóisearach. Tugtar do d'aire gur fhógair an tAire McEntee athruithe ar bhandaí grád na Sraithe Sóisearaí an 22 Aibreán 2025. Fógraíodh go mbeidh an líon céanna bandaí grád ann is a bhí ann roimhe seo agus na ceithre thuairisceoir grád is fearr (Pas le Gradam, Ardtuillteanas, Tuillteanas agus Gnóthaithe) dáilte go cothrom i mbandaí de 15 phointe céatadáin.

### Measúnú: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar

#### Teicneolaíocht Fheidhmeach

Tuairiscíodh go raibh an cleachtas measúnaithe i dTeicneolaíocht Fheidhmeach de chineál thar a bheith praiticiúil agus luaigh múinteoirí gur gnás coitianta é an measúnú foirmitheach. Thuairiscigh múinteoirí gur úsáid siad ceisteanna, breathnóireacht agus seiceálacha neamhfhoirmiúla le linn na hoibre dearaidh agus tionscadail chun foghlaim na scoláirí a threorú. Luadh tráthanna na gceist agus seiceálacha isteach le scoláirí ag deireadh na topaice le haghaidh tuisceana mar idirghabhálacha coitianta chomh maith ach mheas múinteoirí nach raibh siad chomh tábhachtach le táscairí eile de dhul chun cinn scoláirí agus a bhí monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht scoláirí sa rang. Measadh gurb é an tionscadal deiridh an measúnú is fiúntaí ar fhoghlaim na scoláirí.

Mheas formhór na múinteoirí go raibh MRB1 dearfach. Bhain go leor múinteoirí taitneamh as an gcaoi ar spreag sé scoláirí chun smaoineamh ar bhealach criticiúil agus iad ag déanamh iniúchadh ar chur i bhfeidhm córas rialaithe i gcomhthéacs áitiúil. Dúirt scoláirí go raibh sé tarraingteach agus gur thaitin sé leo go raibh siad in ann an t-eolas teicniúil atá acu a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs iniúchta. Thuairiscigh scoláirí gur bhain siad taitneamh as an bhfíric go bhféadfadh an loga foghlama a chur amach i bhformáid ar bith amhail formáid scríofa, formáid dhigiteach, formáid fhísiúil agus formáid fuaime agus gur chabhraigh sé sin leo raon leathan scileanna cumarsáide a fhorbairt.

Fuarthas aiseolas níos éagsúla faoi MRB2. Dúirt roinnt múinteoirí go raibh sé i gcomhar le portfóilió an tionscadail agus go raibh sé deacair do scoláirí go minic a gcuid machnaimh a chur in iúl. I gcásanna áirithe, tugadh níos lú aire dó toisc nach raibh mórán ama ag múinteoirí nó toisc gur measadh nach raibh sé róthábhachtach, ós rud é gur tharla sé chomh gar sin don tionscadal. Luaigh aighneacht Oide gur gá tacú le scoláirí chun bogadh ar aghaidh ó mhachnamh éadomhain. Cheistigh aighneacht RO agus CSS araon cé acu a raibh gá le dhá MRB, agus chuir roinnt múinteoirí ceist faoi oiriúnacht an dá MRB in ábhar a bhí chomh praiticiúil sin sa suirbhé ar líne.

Luaigh freagróirí go raibh nóta faisnéise Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) ríthábhachtach chun cabhrú le múinteoirí príomhréimsí a phleanáil agus a athbhreithniú, agus chun a chinntiú go bhfuil scoláirí ullamh dá measúnú scríofa deiridh. Mar sin féin, luaigh roinnt múinteoirí dúshláin laistigh d'fhairsinge ceisteanna áirithe, agus luadh sampla de cheisteanna a cuireadh faoi thraenacha atá ardaithe go maighnéadach roimhe seo, toisc go bhféadfaí nár clúdaíodh an méid sin sa rang.

Tharraing sé sin aird ar an ngá atá le tuiscint fhorleathan a bheith ag scoláirí ar choincheapa teicneolaíochta éagsúla.

## Innealtóireacht

San Innealtóireacht, ceanglaíodh measúnú seomra ranga go dlúth le forbairt tionscadail, agus meastar go bhfuil ról lárnach ag aiseolas neamhfhoirmiúil an mhúinteora chun tacú le dul chun cinn na scoláirí. Aithníodh go n-úsáidtear scrúduithe scríofa agus scrúdpháipéir roimhe seo go coitianta sa tríú bliain, cé go raibh straitéisí measúnaithe fhoirmithigh amhail pléite piaraí éascaithe, ceisteanna agus breathnóireacht níos coitianta sa chéad agus sa dara bliain.

Ba mhór ag múinteoirí an MRB1 chun tacú le foghlaim neamhspleách agus scileanna digiteacha. Bhain scoláirí taitneamh as taighde a dhéanamh ar thopaicí ábharthachta pearsanta agus mheas múinteoirí gur chuir an MRB bealach níos inrochtana ar fáil faoi choincheapa innealtóireachta ná an measúnú traidisiúnta. Fuarthas aiseolas measctha faoi MRB2. Cé gur cheap roinnt múinteoirí go raibh sé tairbheach chun machnamh a spreagadh, cheap múinteoirí eile gur leag sé an iomarca béime ar obair scríofa agus mheas siad go raibh sé dícheangailte ó ghné phraiticiúil an ábhair. Mhol roinnt aiseolais gur chuir an t-am a bhí aige i gcoibhneas leis an tionscadal leis an mbrú, go háirithe do scoláirí ar theastaigh tuilleadh tacaíochta uathu.

Measadh gur measúnú barántúil ar scileanna a bhí sa tionscadal deiridh, ach luadh údair imní maidir leis an leibhéal treorach atá sa treoir agus cé chomh deacair atá sé ardmharcanna a bhaint amach. Mheas múinteoirí go raibh an scrúdú scríofa deiridh cothrom ar an iomlán.

## Grafaic

Thuairiscigh múinteoirí Grafaice go raibh spleáchas leanúnach ar scrúduithe agus ar cheisteanna atá bunaithe ar théacsleabhair don mheasúnú, go háirithe sa tríú bliain. Úsáideadh tascanna atá bunaithe ar thionscadail agus portfóiliónna digiteacha i scoileanna áirithe chun tacú le measúnú foirmitheach, cé gur minic go raibh tionchar ag am agus rochtain ar theicneolaíocht ar an gcleachtas sin.

Bhí meas ar MRB1 den chuid is mó agus luadh é as an gcruthaitheacht agus scileanna sceitseála a chur chun cinn. Thuairiscigh scoláirí gur thaitin sé leo go raibh saoirse acu a gcuid smaointe féin a dhearadh agus a chur i láthair, agus thug múinteoirí feabhsuithe faoi deara i gcumarsáid fhísiúil agus scileanna pleanála na scoláirí dá bharr sin.
Fuarthas aiseolas nach raibh chomh dearfach céanna faoi MRB2. Thuairiscigh múinteoirí go raibh deacrachtaí ag scoláirí áirithe machnamh fiúntach a dhéanamh ar a gcuid foghlama. D'aithin múinteoirí áirithe go raibh an ghné dhoiciméadaithe den tasc níos deacra do scoláirí áirithe agus chuir múinteoirí in iúl go raibh gá le hionchais níos soiléire agus tuilleadh samplaí idirdhealaithe. Luaigh aighneacht RO go raibh an bhéim a leagtar ar MRB2 agus ar an tionscadal chomh cosúil lena chéile go bhféadfadh go mbeadh sé sin díspreagúil do scoláirí. Moladh go raibh seans ann nach mbeadh fonn ar scoláirí áirithe a dtionscadal a chur i gcrích ar chaighdeán atá comhchosúil lena MRB mar gheall ar bhraistint an atarlaithe. Moladh gur cheart go mbeadh MRB2 sceidealaithe níos luaithe sa téarma agus gur cheart go mbeadh téama aige atá éagsúil le téama an tionscadail.

Tá trí thoradh ag an tionscadal do Ghrafaic (Toradh 1: Freagairt do théama a bhfuil obair Mheasúnú Rangbhunaithe 2 mar bhonn eolais faoi; Toradh 2: Líníochtaí ar a bhfuil toisí; Toradh 3: Samhaltú dearaidh ríomhchuidithe 3T). Luaigh aighneacht RO nár éiligh na coigeartuithe measúnaithe ar

scoláirí Toradh 3 a chríochnú go dtí seo, cé go ndearna scoláirí obair den scoth do Thorthaí 1 agus 2. Ciallaíonn sé sin nach mbíonn an raon iomlán torthaí ag scoláirí áirithe, rud a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach aige ar fhoghlaim na scoláirí.

Is fiú 70% an scrúdú scríofa do Ghrafaic agus is fiú 30% an tionscadal. Tá sé sin éagsúil leis na trí ábhar eile, ina dtiontaítear an t-ualú thart do na comhpháirteanna. Mheas na freagróirí go raibh an scrúdú scríofa níos tábhachtaí ná mar atá sé in ábhair eile dá bharr sin.

**Teicneolaíocht Adhmaid**

Luaigh múinteoirí go raibh an measúnú sa Teicneolaíocht Adhmaid dírithe go príomha ar thascanna praiticiúla agus ar obair thionscadail. Úsáideadh scrúduithe ag deireadh na topaice agus measúnuithe scríofa anois is arís chomh maith, go háirithe sa tríú bliain. Cé go raibh an measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc, go háirithe le linn na hoibre praiticiúla, ní raibh an t-aiseolas scríofa chomh seasmhach.

Glacadh go maith le MRB1 (Eolaíocht Adhmaid inár dTimpeallacht) ar an iomlán, bhí scoláirí agus múinteoirí araon sásta leis an tsolúbthacht agus an deis atá ann chun iniúchadh cruthaitheach a dhéanamh. Thaitin sé leis na scoláirí go raibh siad in ann a dtopaicí féin a roghnú agus dúirt siad gur chabhraigh sé le muinín a fhorbairt i dtaighde agus i gcur i láthair. Cheap múinteoirí gur bealach inrochtana agus tarraingteach a bhí ann chun an fhoghlaim a mheas. Fuarthas aiseolas níos éagsúla faoi MRB2. Dúirt roinnt múinteoirí gur mhothaigh siad go raibh sé dícheangailte ón gcuid eile den chúrsa agus go raibh an iomarca trasnaíola d'aon ghnó ann idir é agus an tionscadal deiridh. Bhí an t-uainiú achrannach agus bhreathnaigh scoláirí air mar thasc breise seachas deis foghlama fhiúntach. Léiríodh an tuairim go coitianta i measc go leor freagróirí agus páirtithe leasmhara gur leor MRB amháin sa Teicneolaíocht Adhmaid toisc gur fiú 70% an scrúdú praiticiúil, agus mhol formhór na bhfreagróirí a léirigh tuairim faoin bhfadhb seo gurb é MRB1 an rogha is fearr le coinneáil.

Luaigh aighneacht RO go raibh an ghné thionscadail den mheasúnú ag obair go han-mhaith agus gur spreag an tsonraíocht nua scoláirí chun na cineálacha scileanna ceirde a ndéanann siad a leathnú, amhail deileadh adhmaid, maircíneacht agus snoíodóireacht. Leag an tsonraíocht béim níos mó ar an dearadh a chinntíonn go bhfuil na torthaí scoláire-lárnaithe. Luadh gur mhéadaigh líon na scoláirí a dhéanann staidéar ar an Teicneolaíocht Adhmaid ó tugadh an tsonraíocht nua isteach.

Luadh gur leagadh béim ar an úsáid a bhaineann scoláirí as cumarsáid ghrafach agus scileanna sceitseála a mheasúnú ar fud gach ceiste sa scrúdú scríofa. Is uirlis chumarsáide luachmhar í an sceitseáil san ábhar, agus cé gur mhol múinteoirí go raibh feabhas ginearálta sa riar scileanna seo i measc na scoláirí, leanann sé ar aghaidh de bheith ina réimse forbartha breise d'fhormhór na scoláirí. Chuir múinteoirí áirithe údar imní in iúl nár tugadh a dhóthain tábhachta do líníochtaí oibre i gcleachtadh an tseomra ranga nuair a chuir na scoláirí sonraí a ndearaidh in iúl. Measadh go raibh na socruithe measúnaithe reatha mar bhonn eolais faoin bhfadhb seo, áit nach mbíonn an chuid 'Sonraí' den chúrsa á measúnú mar gheall ar shocruithe measúnaithe leasaithe atá i bhfeidhm faoi láthair.

## Creat don tSraith Shóisearach, Ionchuimsiú agus an tAistriú chuig an tSraith Shinsearach

### Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú

**Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Teicneolaíocht Fheidhmeach**

Rinne múinteoirí sa Teicneolaíocht Fheidhmeach cur síos ar aiseolas amhail is go bhfuil sé leabaithe i gcleachtadh an tseomra ranga. Úsáideadh aiseolas leanúnach ó bhéal chun na scoláirí a threorú trí gach céim de phróiseas an tionscadail, ag cabhrú leo dearaí a bheachtú, fadhbanna a fhabhtcheartú agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre. Thaitin an treoir láithreach agus phraiticiúil seo le scoláirí, agus mhothaigh siad gur chabhraigh sí leo foghlaim ar bhealach níos éifeachtúla ná aiseolas scríofa amháin.

Díríonn tuairisciú foirmiúil ar ghráid ó scrúduithe seomra ranga nó forbairt tionscadail den chuid is mó. Luaigh múinteoirí gur chaill na measúnuithe seo amach ar ghnéithe amhail cruthaitheacht, acmhainneacht agus réiteach fadhbanna a ghabháil, cé go raibh siad tábhachtach. Is annamh go raibh tráchtaireacht mhionsonraithe sna struchtúir thuairiscithe maidir leis an gcaoi ar chuir scoláirí an próiseas dearaidh i bhfeidhm nó ar idirghníomhaigh siad leis an teicneolaíocht ar bhealach fiúntach.

**Innealtóireacht**

Thuairiscigh múinteoirí gur iondúil go raibh aiseolas san Innealtóireacht leabaithe in obair thionscadail leanúnach agus gur cuireadh é ar fáil go neamhfhoirmiúil le linn ceachtanna. Lig an cur chuige sin do scoláirí a gcuid oibre a choigeartú agus a fheabhsú trí threoir rialta ó mhúinteoirí. Ghlac na scoláirí go dearfach leis an tsamhail aiseolais sin agus luaigh siad gur chabhraigh sé leo coinneáil cothrom le dáta lena gcuid tionscadal.

Bhí sé mar nós ag na cleachtais tuairiscithe fhoirmiúla áit tosaíochta a thabhairt do ghráid ó scrúduithe scríofa. Cé gur measadh iad sin mar chomharthaí úsáideacha ar dhul chun cinn, mhothaigh múinteoirí gur minic nár éirigh leis na tuairiscí mianaigh níos leithne amhail réiteach fadhbanna nó smaointeoireacht deartha a léiriú. Níor thuairiscigh ach cúpla scoil go gcomhtháthaíonn siad tráchtanna atá nasctha leis na príomhscileanna nó na gnóthachtálacha praiticiúla a leagtar amach sa tsonraíocht nuair atá gnóthachtáil an scoláire á tuairisciú.

**Grafaic**

Bhí na cleachtais tuairiscithe maidir le Grafaic thar a bheith éagsúil idir scoileanna. Chomhroinn roinnt múinteoirí aiseolas mionsonraithe maidir le dearaí scoláirí, obair DRC agus scileanna líníochta, agus dhírigh múinteoirí eile níos mó ar mharcanna scrúdaithe agus gráid. Thuairiscigh scoláirí go bhfuair siad aiseolas cabhrach sa rang agus gur minic go raibh siad éiginnte maidir leis an gcaoi a raibh a gcuid foghlama laethúla ceangailte leis an tuairisciú foirmiúil.

Luaigh go leor múinteoirí go raibh sé deacair dul chun cinn sa réasúnú spásúil nó sa smaointeoireacht deartha a chur in iúl trí na formáidí tuairiscithe caighdeánacha a bhíonn in úsáid i scoileanna. Cé gur bhain cuid acu úsáid as ardáin dhigiteacha chun feidhmíocht a rianú, lean formhór na múinteoirí ar aghaidh ag tuairisciú le tráchtanna gearra scríofa agus torthaí uimhriúla.

D'admhaigh roinnt múinteoirí agus páirtithe leasmhara inmhianaitheacht cur chuige níos leithne a chruthódh thuairisciú ar chruthaitheacht agus ar an bhforbairt theicniúil ar bhealach níos soiléire.

**Teicneolaíocht Adhmaid**

Rinne múinteoirí cur síos ar aiseolas sa Teicneolaíocht Adhmaid mar aiseolas rialta a bhí an-saincheaptha le linn na hoibre praiticiúla. Úsáideadh aiseolas béil go coitianta chun tacú le scoláirí i bhfíor-am, go háirithe nuair a rinne siad dul chun cinn trí chéimeanna an tionscadail. Ba mhór an cur chuige foirmitheach sin ag scoláirí, a thuairiscigh gur mhothaigh siad gur spreagadh iad agus gur tacaíodh leo sa rang.

Tuairiscíodh go raibh na cleachtais tuairiscithe fhoirmiúla de chineál níos traidisiúnta. Bhí go leor scoileanna ag brath ar ghráid chéatadáin ag deireadh an téarma agus ar thráchtanna gearra i dtuairiscí scríofa. Cé gur luaigh roinnt múinteoirí iarrachtaí chun aiseolas cáilíochtúil a bhí nasctha le scileanna praiticiúla agus cruthaitheacht a chur san áireamh, d'aontaigh an chuid is mó díobh nár ghabh na struchtúir thuairiscithe an raon foghlama atá san ábhar ina iomláine.

## Ionchuimsiú

Luadh ar fud na n-ábhar ar fad gur chruthaigh measúnú ar fhoghlaim leanúnach agus ar MRBanna modhanna measúnaithe níos ionchuimsithí. Luadh gur cheart go bhfreastalófaí ar scoláirí a bhfuil deacrachtaí fisiciúla nó foghlama ar leith acu le linn a gcuid measúnuithe MRB agus le linn a gcuid foghlama, agus go laghdódh nó go maolódh na tacaíochtaí sin éifeachtaí a míchumais chun a chinntiú go mbeadh na scoláirí sin in ann páirt a ghlacadh a mhéid agus is féidir.

Luaigh múinteoirí go bhfuil siad sásta gur iondúil go mbíonn scoláirí a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna) ina gcuid seomraí ranga sraithe sóisearaí in ann tascanna áirithe a chríochnú ar féidir leo cur le measúnú na foghlama sna cláir seo.

Luadh an fás ar an líon scoláirí dá bhfuil an Béarla ina theanga bhreise san athbhreithniú, agus thuairiscigh múinteoirí go raibh sé cabhrach glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha cúnta agus iad a chur in oiriúint chun tacú le hinrochtaineacht na foghlama agus an teagaisc do scoláirí EAL.

Ba cheart go luafaí go bhfuil an bhéim a leagtar ar chaidrimh dhearfacha idir scoláirí agus múinteoirí, ar tharraing na scoláirí aird uirthi, ina gné choitianta den aiseolas a spreagadh sa chuid scoilbhunaithe den athbhreithniú, ag lua gur chuir na caidrimh sin feabhas ar eispéireas foghlama na scoláirí. Luaigh na scoláirí chomh maith gur fearr leo an fhoghlaim chomhtháite den teoiric agus cleachtadh den chuid is mó, seachas ceachtanna ar leith a dhíríonn ar an teoiric nó ar an gcleachtadh, ós rud é go raibh eispéireas foghlama níos éifeachtaí agus níos ionchuimsithí ann mar gheall ar an eispéireas comhtháite.

**Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar**

**Teicneolaíocht Fheidhmeach**

Shainaithin múinteoirí gnéithe áirithe de shonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí a thacaigh le hionchuimsiú ag lua, mar shampla, sholúbthacht an ábhair, a chur chuige réiteach fadhbanna oscailte agus cur chuige foghlama atá bunaithe ar thionscadail. Moladh gur lig na gnéithe sin do scoláirí a raibh buanna éagsúla acu páirt fhiúntach a ghlacadh ann. Dúirt scoláirí go raibh siad buíoch as an timpeallacht phraiticiúil, chomhoibríoch a cuireadh ar fáil le heispéireas an ábhair, agus braistint úinéireachta ar a gcuid oibre.

Mar sin féin, moladh go raibh an t-ionchuimsiú srianta ó thaobh rochtain ar ábhair, ar ghléasanna agus ar thacaíocht foghlama de. Thuairiscigh múinteoirí gur theastaigh tacaíocht ó scoláirí áirithe leis an scríbhneoireacht nó leis an smaointeoireacht theibí i dtéarmaí rannpháirtíochta sna MRBanna agus i bportfóilió an tionscadail. Bhí údar imní ann go bhféadfadh go mbeadh scoláirí a bhfuil scileanna digiteacha teoranta nó tacaíocht bhaile theoranta acu faoi mhíbhuntáiste maidir le déanamh taighde nó gnéithe machnamhacha. D'éiligh múinteoirí tuilleadh samplaí d'obair scoláirí agus tacaíocht phleanála chun cabhrú le foghlaim scafláilte do scoláirí a bhfuil RSO acu.

**Innealtóireacht**

Measadh go raibh an innealtóireacht sách ionchuimsitheach, go háirithe mar gheall ar an bhfócas teagmhálach atá inti. Dúirt múinteoirí gur chuir an t-ábhar deiseanna ar fáil do réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht phraiticiúil. Mar sin féin, luadh roinnt údair imní faoi éilimh litearthachta sna gnéithe machnamhacha agus doiciméadaithe de MRBanna.

Tharraing múinteoirí aird ar an dúshlán a bhaineann le raon leathan cumas a bhainistiú i ranganna comhleibhéil, go háirithe nuair a bhíonn obair thionscadail an tríú bliain ar siúl. Bhí fianaise theoranta ann ar oiriúintí ar leith do scoláirí a raibh riachtanais foghlama breise acu agus mhol múinteoirí go mbeadh fáilte roimh thuilleadh treorach maidir le hidirdhealú.

Luadh saincheisteanna maidir le cothromaíocht inscne agus inrochtaineacht ábhair go minic. Thuairiscigh scoláirí gur bhuachaillí iad formhór na scoláirí i ranganna Innealtóireachta i neart scoileanna fós, agus gur chuir struchtúir roghnúcháin ábhar sa tSraith Shóisearach teorainn leis an líon scoláirí baineanna a roghnaíonn an t-ábhar. Tarraingíodh aird ar an easpa eiseamláirí baineanna mar dhúshlán is gá aghaidh a thabhairt air.

**Grafaic**

Bhí ionchuimsiú i nGrafaic éagsúil ar fud scoileanna. Cé gur thaitin formáid fhísiúil agus struchtúrtha an ábhair le go leor scoláirí, thuairiscigh múinteoirí gur minic go raibh gnéithe den réasúnú spásúil, teanga theicniúil agus bogearraí DRC dúshlánach ag scoláirí áirithe. Chuir roinnt scoileanna tacaíocht bhreise ar fáil sa chéad bhliain nó i mblaschláir, rud a chabhraigh le scoláirí muinín luath a chothú.

Mar sin féin, luadh saincheisteanna de chothromaíocht inscne agus inrochtaineacht ábhair go minic. Thuairiscigh scoláirí gur bhuachaillí iad formhór na scoláirí i ranganna Grafaice i neart scoileanna fós, agus gur chuir struchtúir roghnúcháin ábhar sa tSraith Shóisearach teorainn leis an líon scoláirí baineanna a roghnaíonn an t-ábhar. Luaigh múinteoirí go raibh tábhacht le cuir chuige teagaisc ionchuimsitheacha, amhail sceitseáil chomhtháite, obair CAD agus thionscadail ach go mbíonn siad deacair iad a choimeád ag imeacht gan acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil.

### Teicneolaíocht Adhmaid

Mheas múinteoirí gurbh ábhar ionchuimsitheach í an Teicneolaíocht Adhmaid a lig do scoláirí ar leibhéil chumais éagsúla bheith rathúil. Luadh gur thacaigh cineál praiticiúil agus físiúil an ábhair le foghlaimeoirí a d'fhéadfadh go mbeadh deacracht acu le hábhair atá níos troime ó thaobh téacs de.

Mar sin féin, luaigh múinteoirí go bhféadfadh go mbeadh scoláirí a raibh riachtanais bhreise acu faoi mhíbhuntáiste ag caighdeán na hoibre tionscadail agus cineál oscailte MRBanna áirithe, go háirithe nuair a bhíonn tacaíocht theoranta nó uaireanta amchláir laghdaithe ar fáil. Chuir múinteoirí in iúl go bhfuil gá le tuilleadh am pleanála agus tacaíochtaí chun aghaidh a thabhairt air sin.

## Ag tacú leis an aistriú go dtí an tsraith shinsearach

### Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an ábhar

### Teicneolaíocht Fheidhmeach

Luaigh freagróirí gur chuir an fhoghlaim i dTeicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí bunchloch láidir ann do scoláirí atá ag aistriú chuig ábhair na sraithe sinsearaí, go háirithe Teicneolaíocht na hArdteistiméireachta. Dúradh go raibh an t-eolas, na scileanna, an tuiscint agus na luachanna a forbraíodh sa tSraith Shóisearach ailínithe go dlúth le hionchais agus le haidhmeanna an ábhair sraithe sinsearaí. Luadh go bhfuair scoláirí taithí ar úsáid a bhaint as uirlisí, innealra agus ábhair amhail aicrileach, alúmanam agus adhmad sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Bhí an chuma ar an scéal go n-aistríonn na scileanna sin go díreach chuig an tsraith shinsearach, áit a gcuirtear iad i bhfeidhm ar leibhéal níos airde.

Luaigh na freagróirí freisin gur chabhraigh cineál leathan na dtreoracha dearaidh sa tsraith shóisearach le scoláirí a ullmhú don treoir théamach sa 6ú bliain. Chabhraigh an leanúnachas sin le scoláirí a gcumas chun bainistíocht a dhéanamh ar an bpróiseas dearaidh iomlán a bheachtú, ón gcoincheap go dtí an fíorú deiridh, á n-ullmhú do thascanna níos oscailte agus níos casta.

Leag roinnt múinteoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le naisc idir an t-ábhar agus na deiseanna atá ann do staidéar nó conairí gairme amach anseo a chur chun cinn agus a neartú, ag moladh go bhféadfadh go gcuirfeadh ceangail níos soiléire feabhas ar ábharthacht agus tionchar fadtéarmach an ábhair.

### Innealtóireacht

Baineann Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí go díreach le hábhar na hInnealtóireachta sa tsraith shinsearach. Tá sé spéisiúil gur luaigh aighneacht RO go bhfuil an dréacht-sonraíocht Innealtóireachta a athfhorbraíodh le déanaí agus atá le tabhairt isteach sna scoileanna in 2026, ailínithe ar bhealach níos dlúithe fós le sonraíocht na sraithe sóisearaí. Athluadh san aighneacht an t-aiseolas ginearálta a luaigh go gcothaítear agus go bhforbraítear dearcadh na hinnealtóireachta sa tsraith shóisearach agus go ligeann an neamhspleáchas arna chur ar fáil ag an siollabas ag leibhéal na hArdteistiméireachta do mhéadú breise agus d'fhorbairt fhéinmheasúnaithe.

### Grafaic

Baineann Grafaic na Sraithe Sóisearaí go díreach leis an ábhar 'Grafaic Dheartha agus Chumarsáide' (DCG) sa tsraith shinsearach. D'aithin na freagróirí an cumas atá ag ábhar na Grafaice chun cur le

dul ar aghaidh chuig an tsraith shinsearach. Luadh gur ullmhaigh rannpháirtíocht i ngeoiméadracht agus réiteach fadhbanna na scoláirí chun rochtain a fháil ar GDC ag leibhéal cuí. Sa chomhthéacs seo, luadh an tasc GDC in aighneacht amháin, a luaigh go raibh na scileanna a forbraíodh sa tsraith shóisearach fíorluachmhar do na scoláirí a ghlac páirt sa tasc. Luadh go raibh tabhairt isteach na sceitseála saorláimhe agus DRC i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí ón gCéad Bhliain ar aghaidh inmholta agus gur thacaigh sé le scoláirí ag dul isteach sa tsraith shinsearach. Mar sin féin, tharraing roinnt múinteoirí aird ar an gcaoi gur éiligh an dul ar aghaidh ó Ghrafaic na Sraithe Sóisearaí chuig Grafaic Dheartha agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta ar scoláirí a bheith in ann obair a dhéanamh go neamhspleách ar thascanna dearaidh níos casta.

**Teicneolaíocht Adhmaid**

Fuair an t-athbhreithniú amach gur mheas formhór na bhfreagróirí go mbeadh raon scileanna ceardaíochta adhmaid láimhsithe forbartha ag scoláirí chun iad a ullmhú do Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta agus chun go leanfaidh siad ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn ann[1]. Luadh go bhforbraíonn scoláirí scileanna trasnaí, amhail cruthaitheacht, nuálaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna, scileanna atá riachtanach sa tsraith shinsearach chomh maith le scileanna smachta, eolas, tuiscint agus luachanna a fhorbairt.

Luaigh aighneacht RO faoi deara go raibh brú ar áiseanna scoile mar gheall ar an tóir atá ar an ábhar, agus nach mbíonn dóthain seomraí ranga praiticiúla in go leor scoileanna chun freastal ar na scoláirí ar fad. Múineadh roinnt ceachtanna i seomraí ranga ginearálta dá bharr sin. Luaigh an aighneacht nárbh é sin an réiteach is fearr ós rud é gur gá an teoiric a mhúineadh léi féin cé gurbh é an cur chuige comhreathach den teoiric agus an ghné phraiticiúil a bheith comhtháite an rogha is fearr chun an fhoghlaim a uasmhéadú agus tacú le dul chun cinn, cur chuige a bhí taitneamhach agus luachmhar dar le go leo scoláirí.

[1] Tá Staidéar Foirgníochta mar chuid de Thráinse 2 i sceideal ábhar na sraithe sinsearaí atá le hathfhorbairt. Tá an t-ábhar le hathainmniú mar ‘Teicneolaíocht Foirgníochta’.

# 5. Léargais, moltaí agus na chéad chéimeanna eile

Ba mhaith le CNCM buíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na scoláirí agus na páirtithe leasmhara eile a chuir leis an athbhreithniú seo. Bhí a n-aiseolas an-léirsteanach maidir leis an gcaoi ar cuireadh sonraíochtaí ábhair Chéim 5 i bhfeidhm agus an taithí a fuarthas orthu.

Breithnítear sa chuid seo den tuairisc an t-aiseolas ón athbhreithniú chun croí-léargais agus moltaí a aithint. Dá bharr sin, is gá an méid a leanas a aithint: is próiseas casta é an t-athrú curaclaim agus glacann sé am é a bhaint amach; agus ní raibh an taithí bheartaithe ag na múinteoirí ná ag aon chohórt scoláirí ar an gcuraclam agus ar na socrúcháin mheasúnaithe toisc gur chuir paindéim Covid-19 isteach air sin. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don iarracht iontach a rinne múinteoirí ábhair Chéim 5 chun tacú le rannpháirtíocht le socruithe curaclaim nua i gcúinsí an-dúshlánach.

## Léargais

Tarraingítear na léargais seo a leanas ó bhreithniú a dhéanamh ar na saincheisteanna éagsúla a tarraingíodh anuas i rith na tuarascála seo. Féachann siad leis na torthaí uileghabhálacha a shintéisiú agus tá sé i gceist acu bonn eolais a chur faoi mholtaí a leanann astu. Déantar na léargais seo a chatagóiriú i dtaca leis an gCreat, ar an gcéad dul síos; agus ansin i dtaca leis na ceithre ábhar Teicneolaíochta de chuid Chéim 5.

### Aiseolas a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach

- Is léir go bhfuil an phleanáil chomhoibríoch tar éis éirí níos leabaithe i gcultúr na scoileanna, agus is spreagthach suntasach den chultúr seo atá i mbun forbartha é an próiseas AFMÁ. Fáiltíonn múinteoirí go ginearálta roimh an bpróiseas AFMÁ mar dheis luachmhar le haghaidh comhráite gairmiúla le comhghleacaithe.
- Tá cleachtais mheasúnaithe fhoirmithigh le feiceáil i gcleachtas an tseomra ranga.
- Tá an dearcadh ann go bhfuil tionchar ag an easpa marcanna don MRB maidir leis an measúnú deiridh foriomlán ar an stádas a thugtar do MRBanna agus ar an dearcadh atá ag scoláirí agus ag tuismitheoirí ar MRBanna.
- Athraíonn eispéireas an mheasúnaithe deiridh beagán ar fud na n-ábhar a fhiosraítear san athbhreithniú seo. Tá sé le feiceáil go bhfuil roinnt frustrachais ann maidir leis an deacracht iomarcach a bhraitheann scoláirí chun Gradaim a bhaint amach. Tá roinnt ábhair imní ann fós faoin Leibhéal Comónta. Iarrtar níos mó trédhearcachta maidir le marcanna a léiriú do cheisteanna ar an scrúdpháipéar.

### Aiseolas a bhaineann le cur i bhfeidhm na Teicneolaíochta Feidhmí, na hInnealtóireachta, na Grafaice agus na Teicneolaíochta Adhmaid

- Tá comhaontú ann ar fud na gceithre ábhar teicneolaíochta go léir go bhfuil an Aidhm atá leagtha amach do gach ábhar oiriúnach, agus go gcuimsíonn sé an fhoghlaim atá ag teastáil do scoláirí i leith aois agus chéim na foghlama. Ina theannta sin, tá dearcadh ann go bhfuil an aidhm á baint amach go ginearálta i gcur chun feidhme na sonraíochtaí.

- Creidtear go bhfuil dearadh na sonraíochtaí, i dtéarmaí snáitheanna agus torthaí foghlama, iomchuí ar fud na gceithre ábhar go léir, le comhaontú ginearálta go bhfuil an fhoghlaim riachtanach do gach ábhar cuimsithe sna torthaí atá leagtha amach.
- Breathnaíonn múinteoirí ar a dtaithí foghlama gairmiúil go dearfach go ginearálta agus cuireann siad fáilte roimh dheiseanna den sórt sin, mar aon leis an tacaíocht a fhaightear ó chumainn múinteoirí ábhair a lua chomh maith.
- Tá gá fós ann le samplaí nua agus ilchineálacha d'obair scoláirí a fhorbairt chun leanúint ar aghaidh ag tacú le breithiúnais ghairmiúla agus eolas measúnaithe na múinteoirí.
- Breathnaítear go dearfach ar thaithí na Measúnachtaí Rangbhunaithe den chuid is mó, agus díríonn na scoláirí go háirithe ar na deiseanna a chuirtear ar fáil chun réimsí spéise agus sásamh pearsanta a bhaint amach. Mar sin féin, luaitear go dtuairiscítear eispéireas MRB1 níos dearfaí ná MRB2 i ngach ábhar, le huainiú an dara ceann, agus an bhéim chomhchosúil atá aige leis an tionscadal deiridh, ag spreagadh roinnt aiseolas diúltach agus a bhí ina chúis le moltaí áirithe gur leor MRB amháin.
- Tá an t-ualú 30% don scrúdú deiridh, in aghaidh 70% do chomhpháirt an tionscadail, mar bhonn eolais faoi dhearcthaí áirithe i leith an scrúdaithe, a mheas roinnt scoláirí nach raibh sé chomh tábhachtach céanna le hábhair eile ina mbíonn an t-ualú i bhfad níos mó. (Ní bhaineann sé sin le Grafaic, ina dtiontaítear ualú na gcomhpháirteanna measúnaithe thart.)
- Tá teannais ann fós maidir leis an rud a fheictear mar dhoiléire iomarcach nó easpa soiléireachta i dtaobh roinnt torthaí foghlama ar fud na n-ábhar, le múinteoirí ag lorg treorach nó sainiúlachta i gcásanna áirithe, go háirithe sa chomhthéacs a bhaineann le scoláirí a ullmhú don scrúdú deiridh.
- Tá múinteoirí buartha faoi dhifríochtaí i gcur ar fáil acmhainní na scoile agus tarraingítear aird ar an ngá atá le rochtain ar uirlisí agus acmhainní cuí ar fud an athbhreithnithe.
- Luadh saincheist na neamhchothroime inscne i dtéarmaí an chohóirt scoláirí a roghnaíonn roinnt ábhar teicneolaíochta san athbhreithniú. Sainaithníodh an gá atá le smaoineamh ar an gcaoi le níos mó scoláirí baineanna a spreagadh chun na hábhair a roghnú mar ardtosaíocht.

## Moltaí

Is léir ón aiseolas san athbhreithniú go dtéann go leor de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas níos faide ná na hábhair ar leith, agus go mbaineann siad ar bhonn níos leithne le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach. Bhí sin le feiceáil freisin in athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm luath ábhair roimhe seo, amhail na hathbhreithnithe is deireanaí ar Chéim 3 agus Céim 4. Bíodh is nach n-áirítear i sainchúram an athbhreithnithe gníomhartha a mholadh a bhaineann le cur i bhfeidhm an Chreata, sainaithnítear anseo a leanas na cinn is ábhartha de na saincheisteanna sin.

### Saincheisteanna a bhaineann le Cur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach

Féadfar roinnt gníomhartha a bhaineann le cur i bhfeidhm níos leithne an Chreata don tSraith Shóisearach a dhéanamh trí rannpháirtíocht dhírithe le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe ábhartha, bunaithe ar aiseolas an athbhreithnithe, agus ag leanúint ar aghaidh de réir aiseolas comhchosúil a fuarthas le linn athbhreithnithe a rinne CNCM roimhe seo. Aithnítear na ceithre réimse seo a leanas le haghaidh gníomhaíochta.

**Am gairmiúil agus pleanáil, amchlárú agus acmhainní**

Tugadh am gairmiúil isteach do mhúinteoirí chun tacú le scoileanna agus iad ag cur an Creat don tSraith Shóisearach i bhfeidhm. Cuireann múinteoirí agus lucht bainistíochta scoile an-luach leis an am sin. Chuirfeadh gach múinteoir agus lucht bainistíochta scoile fáilte roimh níos mó ama agus treorach maidir le pleanáil, amchlárú agus rochtain ar acmhainní pleanála iomchuí.

### Measúnú agus Tuairisciú

Tá dúshláin fós ag baint leis an gcur chuige níos leithne i leith measúnú sa tsraith shóisearach, bíodh is go bhfáiltíonn múinteoirí roimhe go forleathan, ó thaobh cur i bhfeidhm de. Bhí an t-athrú go dtí scrúdpháipéir ar Leibhéal Comónta dúshlánach do mhúinteoirí. Chuirfí fáilte roimh thuilleadh treorach agus tacaíochta sa chomhthéacs sin.
Aithnítear gur thug an tAire aghaidh ar roinnt údair imní a luadh maidir le cineál na gcóras grádaithe agus na mbandaí grádaithe i measúnú reatha na n-ábhar sraithe sóisearaí ina fógra le déanaí. Tugann aiseolas ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí le fios go bhfuil gá fós le níos mó práinne maidir le heisiúint níos luaithe an PGSS, agus le tuilleadh cumarsáide chun a ábharthacht a mhíniú do scoláirí agus do thuismitheoirí.

### MRBanna agus Cruinnithe AFMÁ

Ní mór aird a tharraingt i measc scoláirí agus tuismitheoirí ar ról agus ar thábhacht na MRBanna i gcomhthéacs an chur chuige dhéach i leith measúnú. Chuirfí fáilte freisin roimh thacaíocht agus treoir ar mhaithe le héascú leanúnach chruinnithe AFMÁ, go háirithe do ranna ábhair ina bhfuil múinteoir amháin, mar atá i roinnt scoileanna d'ábhair Theicneolaíochta.

### Iniúchadh ar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha

Ba cheart scaipeadh na dtorthaí, agus foimliú na ngníomhartha chun tacú leis na moltaí a thagann chun cinn ón staidéar fadaimseartha faoi stiúir Ollscoil Luimnigh ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach i scoileanna, a chur in iúl do mhúinteoirí, do scoláirí agus do thuismitheoirí.

## Moltaí a bhaineann le cur i bhfeidhm leanúnach na Teicneolaíochta Feidhmí, na hInnealtóireachta, na Grafaice agus na Teicneolaíochta Adhmaid

Cinntear san athbhreithniú gurb é bunús gach sonraíochta, i dtéarmaí a ndeartha i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, agus ainmniú MRBanna, nach bhfuil gá le hathbhreithnithe ná leasuithe suntasacha a mbeadh gá le grúpa forbartha a thionól ina leith.

Moltar go bhféadfaí roinnt gníomhartha praiticiúla a dhéanamh ar fud na gceithre ábhar chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna is ábhartha agus is suntasaí a tarraingíodh anuas. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar mholtaí maidir le méid beag torthaí foghlama a bhainfeadh leas as soiléiriú, trí threoir Oide a sholáthar le tacaíocht CNCM. Lena leithéid de threoir, ní hamháin go gcuirfí soiléire ar raon an toraidh foghlama ar fáil, ach chuirfí smaointeoireacht phras ar fáil freisin faoi bhealaí éagsúla a bhféadfadh múinteoirí plé leis an toradh foghlama ábhartha.

Ina theannta sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar roinnt leasuithe, de réir mar is gá faoi na Treoirlínte Measúnaithe le haghaidh ábhar, agus beachtú féideartha na nGnéithe Cáilíochta, chomh maith le forbairt bhreise ar shamplaí d'obair scoláirí.

Moltar, faoi réir a bhfaofa, go mbeadh na hathruithe a mhol an Feidhmeannas le haghaidh gach ábhair, mar a leagtar amach thíos, ina bhfreagairt chuí ar na saincheisteanna a tarraingíodh aníos san athbhreithniú.

**Moltaí**

I gcás na gceithre ábhar Teicneolaíochta, déanfaidh CNCM an méid seo a leanas:

- Comhoibriú le hOide chun modhanna a bheartú chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí sna réimsí seo a leanas:
  - Torthaí foghlama áirithe a fhiosrú agus a léirmhíniú nuair a shainaithnítear san athbhreithniú go dteastaíonn léiriú nó soiléiriú breise uathu.
  - Bealaí a shainaithint chun feasacht múinteoirí ar na féidearthachtaí a cheadaítear i dtorthaí foghlama a neartú agus a leathnú chun forbairtí teicneolaíochta nua nó le déanaí maidir le hábhar na sonraíochtaí a chomhtháthú.
  - Méadú ar chumas na múinteoirí chun teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú a phleanáil leis an tsonraíocht agus raon éagsúil acmhainní.
  - Cuir chuige i leith measúnú sa seomra ranga a leathnú agus cleachtais measúnaithe fhoirmithigh a spreagadh.
  - Tacú le scoláirí chun páirt a ghlacadh i gcleachtais mhachnamhacha agus cur síos a dhéanamh orthu de réir mar is gá faoi shocruithe measúnaithe áirithe.
  - Cleachtais ionchuimsitheacha a leathnú agus a fheabhsú chun tacú le gach scoláire ar bhealach níos fearr.
  - Struchtúir thuairiscithe a leathnú ar mhaithe le tuairisciú níos iomláine ar ghnóthachtáil agus dul chun cinn scoláirí.

- Samplaí anótáilte breise d'obair scoláirí a nuashonrú agus a fhoilsiú.

- Cineál na nGnéithe Cáilíochta do Mheasúnuithe Rangbhunaithe a athbhreithniú le tacaíocht na múinteoirí agus nuashonrú de réir mar is gá.

- Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh treoir agus bearta eile feasacht na n-ábhar Teicneolaíochta mar roghanna ábhair chuí a mhéadú do gach scoláire sa tsraith shinsearach agus fás ar líon na scoláirí baineanna a roghnaíonn na hábhair sin a fheabhsú.

- Smaoineamh ar impleachtaí féideartha na dtorthaí ábhartha a tháinig chun cinn ón staidéar fadaimseartha faoi stiúir Ollscoil Luimnigh ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach maidir le foghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú sna hábhair Theicneolaíochta.

Moltar, faoi réir fhaomhadh na Comhairle, gur cheart moltaí a lorg de réir mar is cuí.

Táthar ag súil go leanfaidh an próiseas athbhreithnithe, an tuarascáil a tháinig amach as, agus na moltaí a thagann chun cinn, ag tacú le scoláirí, múinteoirí agus lucht bainistíochta scoile chun na haidhmeanna do na hábhair a bhaint amach, agus an Creat a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment